



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Ceathrú Dlísheomra Méadaithe)

8 Márta 2023*

(An comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna nglacadh i gcoinne na Siria – Reo cistí – Earráidí measúnaithe – Cúlghabhálacht – Ionchais dhlisteanacha – Deimhneacht dhlíthiúil – Feidhm *res judicata*)

I gCás T-426/21,

Nizar Assaad, a bhfuil cónaí air i mBéiriút (an Liobáin), arna ionadú ag M. Lester, KC, G. Martin agus C. Enderby Smith, Solicitors,

iarratasóir,

agus

Comhairle an Aontais Eorpaigh, arna hionadú ag T. Haas agus M. Bishop, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Ceathrú Dlísheomra Méadaithe),

agus í comhdhéanta, tráth an phlé, mar seo a leanas: S. Gervasoni, L. Madise, P. Nihoul, R. Frendo agus J. Martín y Pérez de Nanclares (Rapóirtéir), Breithiúna,

Cláraitheoir: I. Kurme, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

i ndiaidh éisteacht an 22 Meán Fómhair 2022,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

- 1 Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, Nizar Assaad, go gcuirfí Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2021/751 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2021 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria (IO 2021 L 160, lch. 115), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/743 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2021 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le

* Teanga an cháis: an Béarla.

bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO 2021 L 160, lch. 1), Cinneadh (CBES) 2022/849 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria (IO 2022 L 148, lch. 52), agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/840 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO 2022 L 148, lch. 8), a mhéid a bhaineann na gníomhartha sin leis an iarratasóir, ar neamhní.

I. Cúlra na díospóide agus imeachtaí a tharla tar éis thionscnamh na caingne

- 2 Is fear gnó é an t-iarratasóir a bhfuil náisiúntacht na Siria, na Liobáine agus Cheanada aige.
- 3 Agus í ag cáineadh go láidir cos ar bolg foréigneach na hagóide síochánta sa tSiria agus ag iarraidh ar údaráis na Siria srianta a theannadh seachas fórsa a úsáid, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh, faoi Airteagal 29 CAE, Cinneadh 2011/273/CBES an 9 Bealtaine 2011 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria (IO 2011 L 121, lch. 11). I bhfianaise thromchúis an cháis, d'fhorchuir an Chomhairle trádhbhac arm, toirmeasc ar onnmhairiú ábhair a d'fhéadfaí a úsáid i gcomhair cos ar bolg inmheánach, srianta ar chead isteach san Aontas Eorpach agus reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine agus eintitis áirithe atá freagrach as an gcos ar bolg foréigneach i gcoinne phobal sibhialta na Siria.
- 4 Liostaítear ainmneacha na ndaoine atá freagrach as an gcos ar bolg foréigneach i gcoinne phobal sibhialta na Siria agus ainmneacha na ndaoine, nádúrtha nó dlítheanacha, agus na n-eintiteas a bhfuil baint acu leo san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/273. De réir Airteagal 5(1) den chinneadh sin, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ó Bhallstát nó ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, an iarscríbhinn sin a leasú. Níor áiríodh ainm an iarratasóra san iarscríbhinn sin nuair a glacadh an cinneadh.
- 5 Ó tharla go dtagann cuid de na bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Arabach na Siria faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ghlac an Chomhairle, ar bhonn Airteagal 215(2) CFAE, Rialachán (AE) Uimh. 442/2011 an 9 Bealtaine 2011 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO 2011 L 121, lch. 1). Is ionann ábhar an Rialacháin sin, den chuid is mó, agus ábhar Chinneadh 2011/273, ach foráiltear leis do chistí reoite a scaoileadh in imthosca áirithe. Is ionann liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a sainaithníodh gurb iad atá freagrach as an gcos ar bolg i dtrácht nó go bhfuil baint acu leosan a bhí freagrach, a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, agus an liosta san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/273. Faoi Airteagal 14(1) agus (4) de Rialachán Uimh. 442/2011, i gcás ina gcinneann an Chomhairle duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a chur faoi réir na mbeart sriantach dá dtagraítear, is chun Iarscríbhinn II a leasú dá réir sin atá sé agus, anuas air sin, chun an liosta san iarscríbhinn sin a athbhreithniú go tráthrialta agus gach 12 mhí ar a laghad.
- 6 Le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/515/CBES an 23 Lúnasa 2011 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2011/273 (IO 2011 L 218, lch. 20) agus le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 843/2011 an 23 Lúnasa 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán Uimh. 442/2011 (IO 2011 L 218, lch. 1) ('bearta 2011'), cuireadh ainm Nizar Al-Assaad isteach i líne 3 den liosta in Iarscríbhinn I, Roinn A (Daoine) a ghabhann le Cinneadh 2011/273 agus i líne 3 den liosta in Iarscríbhinn II de Rialachán Uimh. 442/2011 ('liostaí 2011').

- 7 Ar an gcéad dul síos, níor tugadh faisnéis aitheantais ar bith a bhain le Nizar Al-Assaad i liostaí 2011. Ar an dara dul síos, is mar seo a leanas a bhí na cúiseanna lena liostú:
- ‘An-mhór le príomhoifigigh rialtais. Ag maoiniú Shabiha i réigiún Latakia.’
- 8 I litir dar dáta an 16 Meán Fómhair 2011, sheol ionadaithe an iarratasóra litir chuig an gComhairle inar maígh siad gur tras-scríobhadh ainm an iarratasóra, a cheap siad ar áiríodh é i líne 3 de liostaí 2011, go mícheart. D’áitigh siad gurbh é ‘Nizar Assaad’ an t-ainm a bhí ar an iarratasóir seachas ‘Nizar Al-Assaad’. Ar an ócáid sin, luaidh siad gurbh é أسعد ainm an iarratasóra, atá éagsúil ó ainm an Uachtaráin Bashar Al-Assad, arb é sin الأسد. Ar deireadh, d’iarr siad rochtain ar chomhad na Comhairle agus ar dhíliostú ainm an iarratasóra ó liostaí 2011. I litir an 13 Deireadh Fómhair 2011, scríobh siad chuig an gComhairle arís chun iarraidh uirthi seasamh a ghlacadh i leith a litreach an 16 Meán Fómhair 2011.
- 9 An 19 Deireadh Fómhair 2011, thug an t-iarratasóir caingean os comhair na Cúirte inar lorg sé, *inter alia*, neamhniú bhearta 2011 sa mhéid a bhaineann na bearta sin leis. Cuireadh an chaingean sin isteach ar Chlár na Cúirte Ginearálta mar Chás T-550/11.
- 10 I litir dar dáta an 27 Deireadh Fómhair 2011, scríobh ionadaithe an iarratasóra chuig an gComhairle arís. I litir dar dáta an 28 Deireadh Fómhair 2011, d’fhreagair an Chomhairle iad, ag rá nárbh é an t-iarratasóir an duine dá dtagraítear i liostaí 2011 agus gurbh ionann an duine sin agus col ceathrair an Uachtaráin Bashar Al-Assad.
- 11 I litir dar dáta an 3 Samhain 2011, d’iarr ionadaithe an iarratasóra ar an gComhairle na sonraí lenar sainaitníodh an duine dá dtagraítear i líne 3 de liostaí 2011 a cheartú agus litir a sheoladh chuig an gCúirt ina míneodh, go bunúsach, an seasamh ceart i leith an iarratasóra.
- 12 An 14 Samhain 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/735/CBES lena leasaítear Cinneadh 2011/273 (IO 2011 L 296, lch. 53) agus Rialachán (AE) Uimh. 1150/2011 lena leasaítear Rialachán Uimh. 442/2011 (IO 2011 L 296, lch. 1) (‘bearta mhí na Samhna 2011’), lenar leasaíodh na hiontrálacha a bhaineann le hainm agus le faisnéis aitheantais an duine ar áiríodh a ainm i líne 3 de liostaí 2011, chun go n-áireofaí, faoi seach, a ainm Arabach, is é sin,/, agus an fhaisnéis seo a leanas: ‘Col ceathrair Bashar Al-Assad; ceann na cuideachta ‘Nizar Oilfield Supplies’ roimhe seo. Ina theannta sin, is é ‘Nizar Al-Assad’ an t-ainm a tugadh i gcarachtair Laidineacha.
- 13 I litir dar dáta an 15 Samhain 2011, chuir an Chomhairle ionadaithe an iarratasóra ar an eolas faoi ghlacadh na mbeart dá dtagraítear i mír 12 thuas agus shonraigh sí nach raibh an t-iarratasóir ainmnithe le bearta 2011.
- 14 Le Cinneadh 2011/782/CBES an 1 Nollaig 2011 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/273 (IO 2011 L 319, lch. 56), mheas an Chomhairle gur ghá, i bhfianaise thromchúis na staide sa tSiria, bearta sriantacha breise a fhorchur. Ar mhaithe leis an tsoiléireacht, rinneadh na bearta a forchuireadh le Cinneadh 2011/273 a ghrúpáil le chéile leis na bearta breise in aon ionstraim dlí amháin. Foráiltear le Cinneadh 2011/782, in Airteagal 18 de, do shrianta ar na daoine a liostaítear a n-ainm in Iarscríbhinn I maidir lena ligean isteach i gcríoch an Aontais Eorpaigh agus, in Airteagal 19, do reo chistí agus acmhainní eacnamaíocha na ndaoine agus na n-eintiteas a liostaítear a n-ainm in Iarscríbhinní I agus II.

- 15 An 21 Nollaig 2011, thaisc an Chomhairle saincheist dlí neamh-inghlacthachta chuig an gCúirt, de bhun Airteagal 114(4) agus (7) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta an 2 Bealtaine 1992, arna leasú an 19 Meitheamh 2013, ar an bhforas nach raibh aon leas dlíthiúil ag an iarratasóir chun imeachtaí a thionscnamh.
- 16 Cuireadh Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle an 18 Eanáir 2012 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO 2012 L 16, lch. 1) in ionad Rialachán Uimh. 442/2011.
- 17 Le hordú an 24 Bealtaine 2012, *Assaad v an Chomhairle* (T-550/11, nár foilsíodh, EU:T:2012:266), rinne an Chúirt iarratas an iarratasóra a dhíbhe mar gheall go raibh sé neamh-inghlactha toisc, ó tharla nárbh é an duine dá dtagraítear i liostaí 2011, nach raibh aon leas dlíthiúil aige chun imeachtaí a thionscnamh.
- 18 Cuireadh Cinneadh 2012/739/CBES ón gComhairle an 29 Samhain 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria (IO 2012 L 330, lch. 21) in ionad Chinneadh 2011/782.
- 19 An 22 Aibreán 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/185/CBES lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/739 (IO 2013 L 111, lch. 77) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 363/2013 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán Uimh. 36/2012 (IO 2013 L 111, lch. 1). Leis na bearta sin, leasaíodh na tagairtí d'ainm an duine dá dtagraítear i líne 3 de liostaí 2011 agus an fhaisnéis aitheantais a bhain leis. Bhí an iontráil sin anois in iontráil 36 den liosta in Iarscríbhinn I, Roinn A (Daoine) a ghabhann le Cinneadh 2012/739 agus in iontráil 36 den liosta in Iarscríbhinn II, Roinn A (Daoine) a ghabhann le Rialachán Uimh. 36/2012 (le chéile, 'liosta 2013').
- 20 Ar an gcéad dul síos, maidir le hainm an duine lena mbaineann, luadh an méid seo a leanas:
'Nizar (نزار) Al-Assad (دعسأل) (a.k.a Al-Assaad, Al-Assad, Al-Asaad)'
- 21 Ar an dara dul síos, maidir leis an bhfaisnéis aitheantais, luadh go raibh an duine lena mbaineann 'ina cheann ar an gcuideachta Nizar Oilfield Supplies roimhe seo'.
- 22 Mar sin féin, b'ionann na cúiseanna lena liostú fós agus na cúiseanna a bhí le bearta 2011.
- 23 I litir dar dáta an 25 Aibreán 2013, d'iarr ionadaithe an iarratasóra ar an gComhairle na tagairtí do 'Assaad' agus 'Al-Assaad' agus ainm an iarratasóra i litreacha Arabacha a bhaint, a dúirt siad go raibh sé litrithe mícheart, agus gur chuimsigh sé freisin tagairt lena luaitear gurbh é col ceathrair Bashar Al-Assad an duine a áiríodh a ainm ar liostaí 2013.
- 24 An 4 Bealtaine 2013, d'fhoilsigh an Chomhairle ceartúchán ar na bearta dá dtagraítear i mír 19 thuas (IO 2013 L 123, lch. 28) trínar leasaíodh na tagairtí d'ainm agus d'fhaisnéis aitheantais an duine a áiríodh a ainm in iontráil 36 de liostaí 2013 chun, i dtús báire, na hainmneacha 'Al-Assaad', 'Al-Assad' agus 'Al-Asaad' a bhaint, agus an t-ainm Arabach/a chur in áit na n-ainmneacha Arabacha a bhí ann agus, ar an dara dul síos, chun an fhaisnéis seo a leanas a chur isteach: 'Col ceathrair Bashar Al-Assad'.
- 25 Cuireadh Cinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria (IO 2013 L 147, lch. 14) in ionad Chinneadh 2012/739.

- 26 An 12 Deireadh Fómhair 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1836 lena leasaítear Cinneadh 2013/255 (IO 2015 L 266, lch. 75). An lá céanna, ghlac sí Rialachán (AE) 2015/1828 lena leasaítear Rialachán Uimh. 36/2012 (IO 2015 L 266, lch. 1).
- 27 Leasaíodh foclaíocht Airteagail 27 agus 28 de Chinneadh 2013/255 le Cinneadh 2015/1836. Foráiltear leis na hAirteagail sin anois do shrianta ar theacht isteach i gcríoch na mBallstát, nó idirthuras tríd, agus do reo cistí daoine atá bainteach leis na catagóirí daoine dá dtagraítear i mír 2(a) go (g) de na hAirteagail sin, ‘mar a liostaítear in Iarscríbhinn I’, mura bhfuil ‘fianaise leordhóthanach ann nach bhfuil [na daoine sin] bainteach, nó nach bhfuil siad bainteach a thuilleadh, leis an réimeas nó nach n-imríonn siad tionchar air nó nach bhfuil riosca tromchúiseach imchéimnithe ag baint leo’.
- 28 Le Rialachán 2015/1828, leasaíodh, *inter alia*, foclaíocht Airteagal 15 de Rialachán Uimh. 36/2012 chun an critéar nua lena liostú arna bhunú le Cinneadh 2015/1836 agus arna thabhairt isteach i gCinneadh 2013/255 a áireamh.
- 29 An 28 Bealtaine 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/778 lena leasaítear Cinneadh 2013/255 (IO 2018 L 131, lch. 16) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/774 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán Uimh. 36/2012 (IO 2018 L 131, lch. 1). Leis na bearta sin, leasaíodh na tagairtí a bhain le hainm an duine dá dtagraítear in iontráil 36 den liosta in Iarscríbhinn I, Roinn A (Daoine) a ghabhann le Cinneadh 2013/255 agus in iontráil 36 den liosta in Iarscríbhinn II, Roinn A (Daoine) a ghabhann le Rialachán Uimh. 36/2012 (le chéile, ‘na liostaí atá i gceist’) mar seo a leanas: ‘Nizar (نزار) al-Asaad (الأسعد) (a.k.a Nizar Asaad)’. B’ionann an fhaisnéis aitheantais agus na cúiseanna lena liostú agus an fhaisnéis agus na cúiseanna a bhí le bearta 2011.
- 30 An 17 Bealtaine 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/806 lena leasaítear Cinneadh 2013/255 (IO 2019 L 132, lch. 36) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/798 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán Uimh. 36/2012 (IO 2019 L 132, lch. 1) (‘bearta 2019’ in éineacht). Le bearta 2019, leasaíodh an fhaisnéis aitheantais a bhain leis an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist agus na cúiseanna lena ainm a liostú.
- 31 Ar an gcéad dul síos, maidir leis an bhfaisnéis aitheantais, níor luadh anois ach gurbh fhear é an duine lenar bhain.
- 32 Ar an dara dul síos, is mar seo a leanas a leasaíodh na cúiseanna lena liostú:
- ‘Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria a bhfuil dlúthbhaint aige leis an réimeas. Col Ceathrair Bashar Al-Assad agus bainteach le teaghlaigh Assad agus Makhoul.
- Mar sin, bhí sé rannpháirteach i réimeas na Siria, ag baint tairbhe as, nó bhí sé ag tacú ar bhealach eile le réimeas na Siria.
- Mórinfheisteoirí ola é agus ceann na cuideachta darbh ainm ‘Nizar Oilfield Supplies’.
- 33 An 11 Meán Fómhair 2019, d’fhoilsigh an Chomhairle ceartúchán ar bhearta 2019 (IO 2019 L 234, lch. 31; ‘ceartúchán 2019’), lenar leasaigh sí na tagairtí a bhain le hainm an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist. Tagraíodh iontu sin anois do ‘Nizar (نزار) Al-Assad (الأسد) (a.k.a Al-Asad; Assad; Asad)’.

- 41 Ar deireadh, is mar seo a leanas atá na cúiseanna lena liostú:

Mar sin, bhí sé rannpháirteach i réimeas na Siria, ag baint tairbhe as, nó bhí sé ag tacú ar bhealach eile le réimeas na Siria.

Mórinfheisteoirí ola é, bunaitheoir agus ceann na cuideachta darbh ainm Lead Contracting & Trading Ltd.'

- 42 I litir dar dáta an 7 Bealtaine 2021, chuir an Chomhairle in iúl d'ionadaithe an iarratasóra gur mheas sí nár caitheadh amhras ar a measúnú le ceann ar bith de na hargóintí a tharraing siad anuas. Dhírigh sí a n-aird freisin ar an bhféidearthacht chun tuilleadh barúlacha a thaisceadh roimh an 1 Márta 2022.
- 43 I litir dar dáta an 28 Bealtaine 2021, chuir an Chomhairle in iúl d'ionadaithe an iarratasóra go leanfar dá ainm a áireamh sna liostaí atá i gceist, tar éis na liostaí a athbhreithniú freisin.
- 44 Le hiarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte an 14 Iúil 2021, thionscain an t-iarratasóir an chaingean seo.
- 45 I litir dar dáta an 13 Aibreán 2022, chuir an Chomhairle ionadaithe an iarratasóra ar an eolas faoin rún a bhí aici na bearta sriantacha ina choinne a choinneáil, trí na cúiseanna dá dtagraítear i mbearta 2021 a leasú chun an méid seo a leanas a chur isteach ag deireadh na gcúiseanna sin: 'An scairshealbhóir is mó den chuideachta Syrian Olive Oil Private JSC, táirgeoir olaí inite atá lonnaithe sa tSiria'.
- 46 Mar iarscríbhinn a ghabhann lena litir dar dáta an 13 Aibreán 2022, chuir an Chomhairle doiciméad WK 5366/2022 INIT an 11 Aibreán 2022 in iúl d'ionadaithe an iarratasóra agus thug sí deis dóibh a mbarúlacha a thaisceadh, ar an gcúis nua lena liostú agus ar dhoiciméad WK 5366/2022 INIT, faoin 29 Aibreán 2022.
- 47 I litir dar dáta an 28 Aibreán 2022, chuir ionadaithe an iarratasóra a mbarúlacha faoi bhráid na Comhairle.
- 48 An 30 Bealtaine 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2022/849 agus Rialachán Cur Chun Feidhme 2022/840 (a dtagraítear dóibh in éineacht mar 'bearta coinneála 2022'). De bhun Chinneadh 2022/849, cuireadh síneadh le Cinneadh 2013/255 go dtí an 1 Meitheamh 2023. Coinníodh ainm an iarratasóra in iontráil 36 de Roinn A (Daoine) de na liostaí atá i gceist. Thug an Chomhairle bonn cirt le glacadh na mbeart sriantach i gcoinne an iarratasóra trí thagairt a dhéanamh do chúiseanna a bhí díreach mar an gcéanna leis na cúiseanna ar braitheadh orthu i mbearta 2021.

II. An t-ordú atá á lorg

- 49 Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:
- bearta 2021 agus bearta coinneála 2022 (a dtugtar 'na bearta atá faoi chonspóid' orthu le chéile) a chur ar neamhní a mhéid a bhaineann siad leis an iarratasóir;
 - a ordú don Chomhairle na costais a íoc.
- 50 Iarrann an Chomhairle ar an gCúirt Ghinearálta:
- an chaingean a dhiúltú;
 - a ordú don iarratasóir na costais a íoc;

- a mhalairt air sin, más rud é go gcuirfí na bearta atá faoi chonspóid ar neamhní, a ordú go gcoinneodh éifeachtaí Chinneadh 2022/849 i ndáil leis an iarratasóir go dtí go mbeadh éifeacht le neamhniú páirteach Rialachán Cur Chun Feidhme 2022/840.

III. An dlí

- 51 Mar thaca lena iarratas, ardaíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí lena líomhnaítear (i) earráidí measúnaithe, (ii) sárú ar phrionsabal an ionchais dhlisteanaigh, (iii) sárú ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla, (iv) ‘mí-úsáid cumhachtaí’, agus (v) sárú ar fheidhm *res judicata*.
- 52 Is iomchuí an dara agus an tríú saincheist dlí a scrúdú in éineacht, sa mhéid gur atoradh de phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla atá i bprionsabal an ionchais dhlisteanaigh (féach breithiúnas an 12 Aibreán 2013, *Du Pont de Nemours (an Fhrainc) agus páirtithe eile v an Coimisiún*, T-31/07, nár foilsíodh, EU:T:2013:167, mír 301 agus an cásdlí dá dtagraítear). Anuas air sin, tá an dá shaincheist dlí sin fréamhaithe sa bhonn céanna, is é sin go bhfuil éifeacht chúlghabhálach ag na bearta atá faoi chonspóid sa mhéid go mbunaítear leo den chéad uair, dar leis an iarratasóir, gurbh é sin an duine a bhí ainmnithe in iontráil 36 ó glacadh bearta 2011.
- 53 Roimh na pléadálacha sin a scrúdú, ní mór ábhar na caingne seo a shoiléiriú agus rialú a thabhairt maidir le hinghlacthacht na fianaise a thaisc an t-iarratasóir ina fhreagra.

A. Ábhar agus raon feidhme na caingne seo

- 54 Lena chaingean, níl á iarraidh ag an iarratasóir ach neamhniú bhearta 2021 agus bhearta coinneála 2022, sa mhéid a bhaineann siad leis.
- 55 Ba cheart a mheabhrú gurb é an t-iarratasóir cinnte an duine a bhaineann leis na bearta atá faoi chonspóid, agus nach ndíospóidtear go raibh sé faoi réir bearta sriantacha ó glacadh na mbeart sin, ar a laghad ar bith. Mar sin féin, tá easaontas idir na páirtithe maidir le cibé an raibh an t-iarratasóir faoi réir bearta sriantacha sular glacadh bearta 2021.
- 56 I dtaca leis sin, tá an t-iarratasóir den tuairim, go bunúsach, nach raibh sé faoi réir bearta den sórt sin, mar a d’aithin an Chomhairle go mion minic sular seoladh an litir dar dáta an 12 Feabhra 2021. Tá an Chomhairle, óna taobh féin de, den tuairim go ndearna sí earráid nuair a mheas sí nárbh é an t-iarratasóir an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist nuair is é a bhí ann, i ndáiríre, agus is amhlaidh a bhí ó glacadh bearta 2011. Sna imthosca sin, bhí sé i gceist ag an gComhairle, trí bhíthin bhearta 2021, an fhaisnéis lena n-aithnítear an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist a shoiléiriú agus na cúiseanna lena liostú a leasú ionas go mbeadh sé soiléir uathu gurbh é an t-iarratasóir an duine a liostaítear agus gur áiríodh a ainm ar na liostaí atá i gceist ó bhí bearta 2011 ann. Is é an tátal a bhaineann an t-iarratasóir as sin ná go bhfuil éifeacht chúlghabhálach ag na bearta atá faoi chonspóid, rud a dhíospóideann an Chomhairle.
- 57 I dtús báire, is gá a scrúdú, dá bhrí sin, cibé a bhfuil bunús leordhóthanach leis na cúiseanna lena liostú a chuimsítear sna bearta atá faoi chonspóid. Déanfar é sin a anailisiú i gcomhthéacs na chéad saincheisteanna dlí, lena líomhnaítear earráidí measúnaithe. Ar an dara dul síos, is gá an éifeacht chúlghabhálach a d’fhéadfadh a bheith ag na bearta atá faoi chonspóid a scrúdú, a scrúdófar í sa dara agus sa tríú saincheist dlí in éineacht, lena líomhnaítear sárú ar phrionsabal an ionchais dhlisteanaigh agus sárú ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla, faoi seach.

- 58 Tá sé soiléir, áfach, ó mhíreanna 49 agus 54 thuas nach ábhar na n-imeachtaí os comhair na Cúirte é ceist dhlíthiúlacht na mbearta a glacadh sular glacadh na bearta atá faoi chonspóid. I bhfocail eile, ní bhaineann sé seo lena fháil amach cibé an bhfuil an bunús leis na cúiseanna lena liostú a leagtar amach sna bearta sin ag teacht leis an gcaighdeán dlí is gá, nó fiú cibé an bhfuil dóthain mionsonraí san fhaisnéis aitheantais a chuimsítear sna bearta sin chun a shuí gurb é an t-iarratasóir an duine lena mbaineann na bearta sin i ndáiríre.

B. Inghlacthacht na fianaise a thaisc an t-iarratasóir ina fhreagairt

- 59 Áitíonn an Chomhairle go raibh an chuid is mó de na teastais a chuir an t-iarratasóir ar fáil maidir lena leasanna gnó i ngnóthais amhail Lead Contracting and Trade Company ('Lead Syria faoi leachtú'), Lead Contracting and Trading Limited ('Lead UAE'), Gulfsands Petroleum agus Cham Holding ann roimh an iarratas, agus gur theip ar an iarratasóir bonn cirt a thabhairt maidir leis an moill ar thaisceadh na ndoiciméad sin.
- 60 Nuair a ceistíodh é ag an éisteacht, luaigh an t-iarratasóir, go bunúsach, gur theip ar an gComhairle a shonrú cé na doiciméid i gceangal leis an bhfreagra a mheas sí a bheith as am. I gcás ar bith, áitíonn an t-iarratasóir gur taisceadh na doiciméid i gceangal leis an bhfreagra mar fhreagairt ar na hargóintí a chuir an Chomhairle chun cinn sa ráiteas cosanta.
- 61 Ba cheart a mheabhrú go bhforáiltear le hAirteagal 85(1) de na Rialacha Nós Imeachta go bhfuil an fhianaise a thugtar nó a chuirtear ar fáil le taisceadh sa chéad mhalartú pléadálacha. Cuirtear leis sin in Airteagal 85(2) go bhféadfaidh páirtí tuilleadh fianaise a thabhairt nó a chur ar fáil mar thaca lena hargóintí mar fhreagairt nó mar athfhreagra, ar choinníoll go mbeadh bonn cirt leis an moill ar fhianaise den sórt sin a thaisceadh. Sa chás deiridh sin, i gcomhréir le hAirteagal 85(4), tá an Chúirt le rialú a thabhairt maidir le hinghlacthacht na fianaise arna tabhairt nó arna cur ar fáil tar éis deis a bheith tugtha do pháirtithe eile trácht a dhéanamh ar fhianaise den sórt sin (breithiúnas an 13 Nollaig 2018, *Post Bank Iran v an Chomhairle*, T-559/15, EU:T:2018:948, mír 74).
- 62 Ina theannta sin, ní mór Airteagal 85(2) de na Rialacha Nós Imeachta a léamh i bhfianaise Airteagal 92(7) de na rialacha sin, ina bhforáiltear go sainráite go bhféadfar fianaise a thaisceadh mar fhrisnéis agus go bhféadfar cur le fianaise a tugadh cheana. Dá bharr sin, mar is léir ó chásdlí socair, ní chlúdaítear fianaise frisnéise agus aimpliú tairiscintí fianaise a thaisctear mar fhreagairt ar an bhfianaise frisnéise ón bpáirtí freasúra faoin riail tréimhse teorann a leagtar síos in Airteagal 85(2) de na rialacha sin (féach breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2017, *Uganda Commercial Impex v an Chomhairle*, T-107/15 agus T-347/15, nár foilsíodh, EU:T:2017:628, mír 72 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 63 Sa chás seo, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a thugann an t-iarratasóir faoi deara, nach bhfuil liosta cruinn de na doiciméid atá i gceangal leis an bhfreagra a mheasann sí a bheith as am curtha i dtoll a chéile ag an gComhairle. Ina ainneoin sin, ag féachaint do na gnóthais a luaitear i mír 59 thuas, ní mór a dhearbhu go dtagraíonn an Chomhairle do na hIarscríbhinní C.4 go C.6 (a bhaineann le Lead Contracting and Trade Company), C.8 go C.10 (a bhaineann le Lead Contracting and Trading Limited), C.11 agus C.14 (a bhaineann le Gulfsands Petroleum) agus Iarscríbhinn C.16 (a bhaineann le Cham Holding).
- 64 Ba cheart a thabhairt faoi deara gur luaigh an Chomhairle, i mír 79 den chosaint, nach raibh oiread is teastas amháin maidir le foirceannadh aon chinn de na gnóthais a raibh baint aige leo curtha ar fáil ag an iarratasóir, ná deimhniú díolacháin do na scaireanna a bhí aige sna gnóthais sin taiscthe

aige. Anuas air sin, i míreanna 80 go 83 den chosaint, dhíospóid an Chomhairle luach profach na litreacha ó thríú páirtithe i gceangal ag an iarratasóir lena iarratas, inar féachadh lena léiriú nach raibh aon leasanna gnó aige sa tSiria a thuilleadh.

- 65 Dá réir sin, tugadh fianaise an iarratasóra, lena bhféachann sé lena léiriú nach bhfuil leasanna gnó aige sna cuideachtaí dá dtagraítear i mír 59 thuas, d'fhonn freagairt a thabhairt ar argóintí na Comhairle.
- 66 Ar an gcaoi chéanna, tá an fhianaise eile a thaisc an t-iarratasóir i gceangal leis an bhfreagra – nach bhfuil a hinghlacthacht, thairis sin, á díospóid ag an gComhairle – beartaithe chun tacú leis na hargóintí a chur an t-iarratasóir i láthair mar fhreagairt orthusan a cuireadh chun cinn sa ráiteas cosanta a thaisc an Chomhairle agus a mheabhraítear i mír 64 thuas.
- 67 Sna himthosca sin, ní mór a dhearbhu go bhfuil sé beartaithe leis an bhfianaise go léir a thaisc an t-iarratasóir i gceangal leis an bhfreagra freagairt a thabhairt ar argóintí na Comhairle a taisceadh sa ráiteas cosanta agus go bhfuil sé inghlactha dá bhrí sin.

C. An chéad phléadáil, ina líomhnaítear earráidí measúnaithe

- 68 Maíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, go ndearna an Chomhairle earráid trína ainm a áireamh ar na liostaí atá i gceist, ó tharla nach dtagann sé faoi aon cheann de na critéir liostaithe. Ina leith sin, maíonn sé nach bhfuil sé gníomhach sa tSiria a thuilleadh, cé go raibh sé ina dhuine gnó sa tír sin san am a chuaigh thart. Ar an gcaoi chéanna, maíonn sé nach bhfuil naisc ar bith aige le teaghlach Assad nó le teaghlach Makhoul. Ar deireadh, maíonn sé nach bhfuil aon bhaint aige le réimeas na Siria.
- 69 Díospóideann an Chomhairle argóintí an iarratasóra agus maíonn sí, go bunúsach, gur léirigh sé go bhfuil bunús maith leis na cúiseanna lena liostú.

1. Réamhbharúlacha

- 70 Ba cheart a mheabhrú go n-éilítear, ar mhaithe le héifeachtacht an athbhreithnithe bhreithiúnaigh a ráthaítear le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go n-áiritheodh Cúirteanna an Aontais go bhfuil bonn fíorasach sách fóna faoin gcinneadh ar glacadh nó ar coinníodh bearta sriantacha tríd, a bhfuil raon feidhme aonair leis don duine nó don eintiteas lena mbaineann. Is éard atá i gceist leis sin ná na líomhaintí fíorasacha in achoimre na gcúiseanna atá mar bhonn taca leis an gcinneadh sin a fhíorú, leis an iarmhairt nach féidir athbhreithniú breithiúnach a shrianadh do mheasúnú ar áititheacht na gcúiseanna a bhfuiltear ag brath orthu san achomaireacht, ach ní mór go mbainfeadh sé le cibé an bhfuil bunús leis na cúiseanna sin, nó, ar a laghad ar bith, le ceann de na cúiseanna sin, a meastar í nó iad a bheith leordhóthanach leis/leo féin chun tacú leis an gcinneadh sin (breithiúnas an 18 Iúil 2013, *an Coimisiún agus páirtithe eile v Kadi*, C-584/10 P, C-593/10 P agus C-595/10 P, EU:C:2013:518, mír 119).
- 71 Is faoi Chúirteanna an Aontais Eorpaigh atá sé, d'fhonn an scrúdú sin a dhéanamh, iarraidh ar údarás inniúil an Aontais Eorpaigh, nuair is gá, faisnéis nó fianaise, atá faoi rún nó a mhalairt, agus atá ábhartha do scrúdú den sórt sin a chur ar fáil (féach breithiúnas an 18 Iúil 2013, *an Coimisiún agus páirtithe eile v Kadi*, C-584/10 P, C-593/10 P agus C-595/10 P, EU:C:2013:518, mír 120 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 72 Is é tasc údarás inniúil an Aontais Eorpaigh a shuí, i gcás agóide, go bhfuil bunús maith leis na cúiseanna a bhfuiltear ag brath orthu i gcoinne an duine nó an eintitis lena mbaineann, agus ní hé tasc an duine ná an eintitis sin fianaise ar a mhalairt a thabhairt ar aird, nach bhfuil bunús maith leis na cúiseanna sin (breithiúnas an 18 Iúil 2013, *an Coimisiún agus páirtithe eile v Kadi*, C-584/10 P, C-593/10 P agus C-595/10 P, EU:C:2013:518, mír 121).
- 73 Chun na críche sin, níl aon cheanglas ann go dtabharfadh an t-údarás os comhair Chúirteanna an Aontais Eorpaigh an fhaisnéis agus fianaise go léir atá mar bhonn faoi na cúiseanna a líomhnaítear sa bheart a bhfuil neamhniú á lorg ina leith. Is gá, áfach, go dtacódh an fhaisnéis nó fianaise arna tabhairt leis na cúiseanna a mbraitear orthu i gcoinne an duine nó an eintitis lena mbaineann (breithiúnas an 18 Iúil 2013, *an Coimisiún agus páirtithe eile v Kadi*, C-584/10 P, C-593/10 P agus C-595/10 P, EU:C:2013:518, mír 122).
- 74 Sa chás go gcuireann údarás inniúil an Aontais Eorpaigh faisnéis nó fianaise ábhartha ar fáil, ní mór do bhreithiúnacht an Aontais Eorpaigh a chinneadh ansin cibé an bhfuil na fíorais a líomhnaítear déanta i bhfianaise na faisnéise nó fianaise sin agus luach profach na faisnéise nó fianaise sin a mheas in imthosca an cháis ar leith agus i bhfianaise aon bharúlacha a thaisctear i ndáil leo ag an duine nó eintiteas lena mbaineann, i measc eile (breithiúnas an 18 Iúil 2013, *an Coimisiún agus páirtithe eile v Kadi*, C-584/10 P, C-593/10 P agus C-595/10 P, EU:C:2013:518, mír 124).
- 75 I gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais, ní mór an measúnú ar cibé a raibh bunús maith le liostú a dhéanamh tríd an bhfianaise a scrúdú, ní léi féin, ach sa chomhthéacs lena mbaineann sí (féach, chuige sin, breithiúnais an 21 Aibreán 2015, *Anboubá v an Chomhairle*, C-630/13 P, EU:C:2015:247, mír 51, agus an 21 Aibreán 2015, *Anboubá v an Chomhairle*, C-605/13 P, EU:C:2015:248, mír 50).
- 76 Ar deireadh, agus measúnú á dhéanamh ar thábhacht a raibh i gceist, ar cuid é den athbhreithniú ar chomhréireacht na mbeart sriantach atá i gceist, ní mór comhthéacs na mbeart sin a chur san áireamh, go raibh gá práinneach ann chun bearta den sórt sin a ghlacadh a raibh sé beartaithe leo brú a chur ar réimeas na Siria chun an cos ar bolg foréigneach i gcoinne an daonra a stopadh agus chomh deacair agus a bhí sé fianaise níos sonraí a fháil i Stát ina bhfuil cogadh cathartha ar siúl agus ina bhfuil réimeas forlámhach i bhfeidhm (breithiúnas an 21 Aibreán 2015, *Anboubá v an Chomhairle*, C-605/13 P, EU:C:2015:248, mír 46).
- 77 Ní mór an chéad phléadáil a scrúdú i bhfianaise na mbreithnithe sin.

2. Na cúiseanna lena liostú agus cinneadh na gcritéar lena liostú

- 78 Ba cheart a mheabhrú go bhforáiltear leis na critéir ghinearálta lena liostú a leagtar síos in Airteagal 27(1) agus in Airteagal 28(1) de Chinneadh 2013/255, arna leasú le Cinneadh 2015/1836, a atáirgtear, maidir le reo cistí, in Airteagal 15(1)(a) de Rialachán Uimh. 36/2012, arna leasú le Rialachán 2015/1828, go mbeidh daoine agus eintitis atá ag baint tairbhe as réimeas na Siria nó atá ag tacú leis faoi réir bearta sriantacha. Ar an gcaoi chéanna, foráiltear le hAirteagal 27(2)(a) agus (3) agus Airteagal 28(2)(a) agus (3) den chinneadh sin, a atáirgtear, maidir le reo cistí, in Airteagal 15(1a)(a) agus (1b) den Rialachán sin, go mbeidh catagóir ‘mórphearsa gnó atá ag feidhmiú sa tSiria’ faoi réir bearta sriantacha, mura mbeidh fianaise leordhóthanach ann nach bhfuil siad bainteach, nó nach bhfuil siad bainteach a thuilleadh, le réimeas na Siria nó nach n-imríonn siad tionchar air nó nach bhfuil riosca tromchúiseach imchéimnithe ag baint leo. Ar deireadh, foráiltear leis an abairt deiridh d’Airteagal 27(2),

Airteagal 27(3), an abairt deiridh d’Airteagal 28(2) agus Airteagal 28(3) den chinneadh sin, a atáirgtear, maidir le reo cistí, in Airteagal 15(1a) agus Airteagal 15(1b) den Rialachán sin, go mbeidh daoine agus eintitis atá bainteach le daoine, eintitis agus comhlachtaí a chlúdaítear le ceann de na critéir lena liostú faoi réir bearta sriantacha, mura mbeidh fianaise leordhóthanach ann nach bhfuil siad bainteach, nó nach bhfuil siad bainteach a thuilleadh, le réimeas na Siria nó nach n-imríonn siad tionchar air nó nach bhfuil riosca tromchúiseach imchéimnithe ag baint leo.

- 79 Mar a luadh i mír 41 thuas, is mar seo a leanas atá na cúiseanna le hainm an iarratasóra a áireamh ar na liostaí atá i gceist:

‘Mórphearsa ghnó sa tSiria a bhfuil dlúthbhaint aige leis an réimeas. Bainteach le teaghlaigh Assad agus Makhoulf.

Mar sin, bhí sé rannpháirteach i réimeas na Siria, ag baint tairbhe as, nó bhí sé ag tacú ar bhealach eile le réimeas na Siria.

Mórinfheisteoirí ola é, bunaitheoir agus ceann na cuideachta darbh ainm Lead Contracting & Trading Ltd.’

- 80 Ní mór a thabhairt le tuiscint ó na cúiseanna le hainm an iarratasóra a áireamh ar na liostaí atá i gceist gur áiríodh an ceann deiridh sin mar gheall ar (i) a stádas mar mhórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria, i gcomhréir leis an gcritéar a shainmhínítear in Airteagal 27(2)(a) agus Airteagal 28(2)(a) de Chinneadh 2013/255, arna leasú le Cinneadh 2015/1836, a atáirgtear, maidir le reo cistí, in Airteagal 15(1a)(a) de Rialachán Uimh. 36/2012, arna leasú le Rialachán 2015/1828 (critéar na ‘mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria’), (ii) na naisc atá aige le réimeas na Siria, i gcomhréir leis an gcritéar a shainmhínítear in Airteagal 27(1) agus Airteagal 28(1) den chinneadh sin agus in Airteagal 15(1)(a) den Rialachán sin (an critéar maidir le bheith ‘bainteach leis an réimeas’), agus (iii) na naisc atá aige le daoine de theaghlaigh Assad agus Makhoulf, i gcomhréir leis an gcritéar a leagtar amach san abairt deiridh d’Airteagal 27(2) agus san abairt deiridh d’Airteagal 15(1a) den Rialachán sin (an critéar maidir le bheith ‘bainteach le daoine nó eintitis atá faoi réir bearta sriantacha’).

3. An fhianaise

- 81 D’fhonn bonn cirt a thabhairt d’ainm an iarratasóra a bheith san áireamh ar na liostaí atá i gceist, thug an Chomhairle an doiciméad ar a raibh an tagairt WK 4069/2019 INIT, inar cuimsíodh faisnéis a raibh fáil phoiblí uirthi, eadhon naisc chuig suíomhanna gréasáin, ailt phreasa agus gabhálacha scáileáin ó:

– an suíomh gréasáin *Syrian Oil & Gas News* ar a léirítear, i bhfoilseachán dar dáta an 31 Iúil 2010, grianghraf den iarratasóir, agus déantar cur síos air mar phearsa ghnó a bhfuil infheistíochtaí suntasacha déanta aige sa tSiria, go háirithe trí Lead Syria faoi leachtú, i gcomhpháirtíocht le Ghassan Muhanna; dar leis an bhfoilseachán seo, tá an chuideachta sin ar cheann de na cuideachtaí tógála is sine agus is mó in earnáil ola na Siria; luaitear freisin san fhoilseachán sin gur comhpháirtí in Asaad Beitenjaneh & Partners Company for Processing & Refining Edible Oils atá san iarratasóir, agus go bhfuil sé i gceannas ar bhrainte na Siria de Chomhlachas Tráchtála na Siria-na hAilgéire, agus comhalta de Choiste Náisiúnta na Siria de Chomhlachas Tráchtála Idirnáisiúnta na Siria; tagraítear san fhoilseachán sin, ar deiridh, do na tionscadail agus cuideachtaí lena raibh baint ag an iarratasóir, eadhon Cham Holding, United Insurance Company, Al Badia Cement JSC, Bank Audi Syria, Syrian Arab Insurance Company,

Aqeelah Takaful Insurance Company, Dajajouna, agus don fhíoras go bhfuil stábla capall folaíochta Arabach aige;

- an suíomh gréasáin *Aks al Ser*, ar a luaitear, i bhfoilseachán ón 6 Meán Fómhair 2012, dar le duine is foinse atá mór leis an iarratasóir, gur theith an t-iarratasóir, agus na milliúin dollar aige, go dtí an Ailgéir, áit a bhfuil tionscadail agus infheistíochtaí ollmhóra aige in earnáil na hola agus in earnáil an gháis; tuairiscítear san fhoilseachán sin, dar leis an duine sin is foinse, gur thosaigh an t-iarratasóir a chuid sócmhainní airgeadais a leachtú agus a chuid airgid a aistarraingt ó na bainc tar éis bhuamáil cheanncheathrú Slándála Náisiúnta na Siria; déantar cur síos san fhoilseachán sin ar an iarratasóir mar dhuine de na hinfheisteoirí is mó in earnáil ola na Siria agus deirtear go bhfuil aithne air mar ‘cheann feadhna’ lárnach na hearnála i saol an ghnó; luaitear freisin san fhoilseachán sin go bhfuil scaireanna ag an iarratasóir in Cham Holding, gur duine de bhunaitheoirí Bank Audi Syria é, agus gur comhpháirtí é in Al Badia Cement agus in Lead Syria faoi leachtú; ar deireadh, luaitear san fhoilseachán sin go bhfuil an t-iarratasóir ina chomhalta de ghrúpa fear gnó a bhaineann tairbhe as réimeas na Siria, agus go bhfuil baint láidir aige le daoine i gciorcail chinnteoireachta, agus go ndéanann sé idirghabháil idir réimeas na Siria agus tíortha eile chun ola a bhaint;
 - an suíomh gréasáin *Dawdaa*, ar a luaitear, i bhfoilseachán dar dáta an 2 Samhain 2017, go bhfuil tuairiscí neamhdheimhnithe ann maidir le scoilt idir réimeas na Siria agus an t-iarratasóir, atá i gceannas ar shaincheisteanna i dtaca le hola; luaitear freisin san fhoilseachán sin nach duine de theaghlach Assad atá san iarratasóir ach go bhfuil dlúthbhaint aige leo fós a bhuí lena chuid freagrachtaí; luaitear san fhoilseachán sin, ar deireadh, gurb ionann an t-iarratasóir agus comhpháirtí gnó de chuid Ghassan Muhanna, uncail de chuid Rami Makhoul, ina gcuideachta Lead Syria faoi leachtú;
 - an suíomh gréasáin *Syriano*, ar a luaitear, i bhfoilseachán dar dáta an 22 Eanáir 2015, gur leis an iarratasóir 50 % de Lead Syria faoi leachtú agus gurb ag Ghassan Muhanna atá an scair eile thar ceann Mohammed Makhoul, arb é a dheartháir céile;
 - ón suíomh gréasáin *Orient News*, ar a gcuirtear síos ar an iarratasóir, in alt ón 2 Feabhra 2015, mar ‘sheanóir’ earnáil ola na Siria agus mar dhuine a ghlac páirt sa chomhaontas ‘ola le haghaidh bia’ i gcomhar le Maher Al-Assad, deartháir an Uachtaráin Bashar Al-Assad;
 - an suíomh gréasáin *Ayn Almadina* ar a gcuirtear síos, in alt ón 22 Iúil 2018, ar dhul chun cinn an iarratasóra, ó thús a shaoil i measc na cosmhuintire go dtí a stádas ina fhear gnó saibhir in earnáil an pheitriliam, dá bhfuil sé faoi chomaoín ag na naisc atá aige lena chol ceathrair, Mohammed Makhoul; tugtar le fios freisin san alt sin go bhfuil náisiúntacht Cheanada ag an iarratasóir agus go bhfuair sé náisiúntacht na Liobáine le déanaí; luadh freisin ann gur bhunaigh an t-iarratasóir Lead Syria faoi leachtú le Mohammed Makhoul agus le deartháir céile an dara duine sin, is é sin Ghassan Muhanna; luaitear, ar deireadh, san alt sin, gur col ceathrair bhean chéile Mohammed Makhoul í máthair an iarratasóra, Jamila Muhanna.
- 82 Chuir an Chomhairle doiciméad WK 985/2021 INIT ar fáil freisin. Tá céad chuid sa doiciméad sin, atá roinnte ina thrí cheannteidil, ina gcuirtear fáisnéis ar fáil lena sainiúitear an t-iarratasóir, ina ndéantar cur i láthair air, ina ndéantar cur síos chomh maith ar an mbaint atá aige le réimeas na Siria agus ina mínítear leaganacha éagsúla de litriú shloinne an iarratasóra. Anuas air sin, tá fótachóip de phasanna agus doiciméid aitheantais an iarratasóra curtha ar fáil ag an gComhairle, mar thaispeántán Uimh. 3. Cuirtear ar fáil cóipeanna dá phasanna ón Liobáin, ón tSiria agus ó Cheanada, chomh maith leis an víosa chónaithe atá aige d’Aontas na nÉimíróchtaí

Arabacha, lena n-ainmnítear é mar stiúrthóir Lead UAE. Is ionann taispeántán Uimh. 4 agus teastas a bhaineann le Lead UAE dar dáta an 17 Meán Fómhair 2018. Ar deireadh, áirítear cóipeanna de naisc, ailt phreasa agus gabhálacha scáileáin sa doiciméad. Maidir leis an hítimí sin, tá ceithre cinn acu díreach mar an gcéanna leis na cinn atá i ndoiciméad WK 4069/2019 INIT, eadhon foilseacháin ó na suíomhanna gréasáin *Syriano* agus *Dawdaa* agus ailt phreasa ó na suíomhanna gréasáin *Orient News* agus *Ayn Almadina*. Maidir leis na taispeántáin eile, is éard atá iontu ná faisnéis a fuarthas ó na foinsí seo a leanas:

- an suíomh gréasáin *Syrian Oil & Gas News*, ar a atáirgtear, i bhfoilseachán dar dáta an 2 Lúnasa 2010, an fhaisnéis chéanna agus a bhí sa phostáil a foilsíodh ar an suíomh gréasáin sin an 31 Iúil 2010, agus ina gcuirtear leis sin gur comhpháirtí é an t-iarratasóir san eintiteas Asaad Beitenjaneh Partners Company for Syrian Olive Oil;
- an suíomh gréasáin *Al-Iqtisadi*, ar a gcuirtear síos ar an iarratasóir, ar leathanach ar féachadh air an 21 Eanáir 2020, mar bhunaitheoir agus cathaoirleach Lead UAE, atá cláraithe i Saorchrios Jebel Ali in Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha;
- an suíomh gréasáin *Al Khaleej Online*, ar a luaitear, in alt dar teideal ‘Who steals the Syrian oil?’ (Cé a ghoideann ola na Siria?) dar dáta an 8 Samhain 2019, a foilsíodh freisin ar an suíomh gréasáin *Anadolu Arabic* an 7 Samhain 2019 faoi theideal difriúil, go ndeachaidh na billiúin dollar ó dhíolacháin ola a rinneadh trí ghnóthais amhail Lead Syria faoi leachtú, atá lonnaithe sa Damaisc (an tSiria), trí chuntas theaghlach Assad; tá Lead Syria faoi leachtú ar seilbh go comhpháirteach ag Mohammed Makhoulf agus ag a dhuine muinteartha, Nizar Asaad; chláraigh Mohammed Makhoulf a bhun faoi ainm dheartháir a mhná céile, Ghassan Muhanna;
- an suíomh gréasáin *Al Hewan*, ar a luaitear, in alt ón 14 Bealtaine 2014 ar a raibh an teideal ‘Looting of the Funds and wealth of the Syrian people under the rule of the Al-Assad family, coalition administration, and the interim government (in number and facts)’ [creachadóireacht cistí agus saibhreas mhuintir na Siria faoi riail an teaghlaigh Al-Assad, comhrialtas, agus an rialtas eatramhach (i líon agus fíricí)], gur bhunaigh an t-iarratasóir, mar dhuine muinteartha de Mohammed Makhoulf, an chuideachta Lead Syria faoi leachtú i dtionscail an ola chun tairbhe do theaghlach Assad;
- leabhar dar teideal ‘The Political Economy of Investments in Syria’ (Geilleagar Polaitiúil Infheistíochtaí sa tSiria), a foilsíodh in 2015, ina luaitear gurb é an t-iarratasóir, dar le halt ón 2 Iúil 2007 a foilsíodh ar an suíomh gréasáin *The Syria Report*, atá ina fhear gnó tábhachtach, POF agus príomh-scairshealbhóir Lead Syria faoi leachtú, an gnólacht is mó sa tír do sheirbhísí olacheantair agus, in éineacht le Rami Makhoulf, d’infheistigh sé 23.2 milliún dollar na Stát Aontaithe (USD) (thart ar EUR 17.23 milliún) in Gulfsands Petroleum, cuideachta ola atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe agus a sheolann oibríochtaí sa tSiria.

4. Iontaofacht agus ábharthacht na fianaise

- 83 Tarraingíonn an t-iarratasóir amhras ar iontaofacht agus ábharthacht na fianaise a thaisc an Chomhairle chun bunús a thabhairt le tuillteanais na gcúiseanna lena liostú.
- 84 Sa chéad áit, maidir le hiontaofacht na fianaise a thaisc an Chomhairle, ba cheart a mheabhrú, ar thaobh amháin, agus measúnú á dhéanamh ar thábhacht a raibh i gceist, ar cuid é den athbhreithniú ar chomhréireacht na mbeart sriantach atá i gceist, nach mór comhthéacs na mbeart sin a chur san áireamh, go raibh gá práinneach ann chun bearta den sórt sin a ghlacadh a

raibh sé beartaithe leo brú a chur ar réimeas na Siria chun an cos ar bolg foréigineach i gcoinne an daonra a stopadh agus chomh deacair agus a bhí sé fianaise níos sonraí a fháil i Stát ina bhfuil cogadh cathartha ar siúl agus ina bhfuil réimeas forlámhach i bhfeidhm (féach breithiúnas an 14 Aibreán 2021, *Al-Tarazi v an Chomhairle*, T-260/19, nár foilsíodh, EU:T:2021:187, mír 71 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 85 Ar an taobh eile, i gcomhréir le cásdlí socair, bíonn gníomhaíocht na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta faoi rialú phrionsabal na meastóireachta gan srian ar fhianaise, agus is é a inchreidteacht an t-aon chritéar maidir le luach na fianaise a cuireadh ar fáil a mheas. Ina theannta sin, d'fhonn luach profach doiciméid a mheas, is gá sochreidteacht na faisnéise atá sa doiciméad a fhíorú agus aird a thabhairt ar, go háirithe, bhunús an doiciméid, na himthosca inar dréachtaíodh é, seolaí an doiciméid agus cibé, ar bhonn an ábhair atá istigh ann, an bhfuil an chuma air go bhfuil sé fóna agus iontaofa (féach breithiúnas an 14 Aibreán 2021, *Al-Tarazi v an Chomhairle*, T-260/19, nár foilsíodh, EU:T:2021:187, mír 72 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 86 Ní mór a lua nach ndéanann an t-iarratasóir ach líomhain a dhéanamh gurb éard atá i bhfianaise na Comhairle ná tuairiscí clostrácha ó tríú páirtithe agus foilseacháin ar líne nach bhfuil neamhspleách, gan bunús a thabhairt lena argóint le fianaise shonrach. Maidir leis sin, ós rud é go dtagann an fhianaise a thaisc an Chomhairle, a nochtadh don iarratasóir í, ó fhoinsí a bhfuil rochtain phoiblí orthu, bhí sé ábalta a thabhairt le fios cé na foinsí díobh sin, ina thuairim féin, a bhí, mar shampla, fabhrach do réimeas na Siria. Go sonrach, ag féachaint don chásdlí dá dtagraítear i mír 74 thuas, cé gur faoin gComhairle atá sé fianaise a chur ar fáil mar thaca leis na cúiseanna lena liostú, is faoin iarratasóir atá sé an chúis a d'fhéadfaí ábhair amhrais maidir lena n-iontaofacht a chur in iúl léi a thabhairt le fios (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Aibreán 2021, *Al-Tarazi v an Chomhairle*, T-260/19, nár foilsíodh, EU:T:2021:187, mír 73).
- 87 Sa dara háit, maidir le hábharthacht na fianaise a thaisc an Chomhairle, áitíonn an t-iarratasóir nach bhfuil an chuid is mó di ábhartha a thuilleadh. Maidir leis sin, tugann sé faoi deara go bhfuil seacht gcinn de na taispeántáin ann le breis is sé bliana anuas agus, as na trí alt nach dtéann siar níos faide ná sé bliana, ní raibh ach ceann amháin ann a foilsíodh le linn an dá bhliain roimh ghlacadh na mbearta atá faoi chonspóid. Anuas air sin, is lú fós an ábharthacht a bhaineann le cuid mhaith de na hait ná mar a thabharfaí le fios le dáta a bhfoilsithe, sa mhéid go gcuirtear síos iontu ar imeachtaí a tharla sular fhoirceann an t-iarratasóir a leasanna gnó sa tSiria. Ar deireadh thiar, léirítear san ábhar sin gur dhuine gnó é an t-iarratasóir a bhí ag feidhmiú sa tSiria, rud nach ndíospóideann sé, ach ní féidir a chruthú leis gur duine gnó den sórt sin atá ann anois.
- 88 Maidir leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, dá shine an fhianaise faoi threoir an dáta ar ar glacadh gníomhartha lenar forchuireadh bearta sriantacha i gcoinne duine nó eintitis, is ea is lú an seans gur bonn leordhóthanach inti féin do na bearta atá i gceist a bheidh inti. Sa chiall sin, cé go bhféadfaidh an Chomhairle í a úsáid, éilítear, mar gheall ar an achar suntasach ama a chuaigh thart idir, ar thaobh amháin, foilsiú na fianaise sin agus, ar an taobh eile, glacadh na ngníomhartha atá i gceist, go gcomhthacódh an Comhairle leis an bhfianaise sin le fianaise eile atá níos nuai (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 26 Iúil 2017, *an Chomhairle v Hamas*, C-79/15 P, EU:C:2017:584, míreanna 32 agus 33).
- 89 Sa chás seo, tá faisnéis fhorluiteach sa chuid is mó de na samplaí éagsúla fianaise a thaisc an Chomhairle, agus mar sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh fiú an ceann is sine díobh ábhartha, go pointe áirithe, chun a léiriú go bhfuil bunús maith leis na cúiseanna lena liostú.

- 90 Sna himthosca sin, ní mór a dhearbhu go bhfuil an fhianaise a thaisc an Chomhairle fóna agus iontaofa agus go bhfuil sí, *a priori*, ábhartha chun bunús a thabhairt leis na cúiseanna lena liostú.
- 91 Ina ainneoin sin, beidh sé riachtanach a chur san áireamh go bhfuil an fhianaise a chuir an Chomhairle ar fáil sean d'fhonn a chinneadh cibé, i bhfianaise an cháschomhaid ina iomláine, an bhfuil an fhianaise sin leordhóthanach chun a léiriú go bhfuil bunús maith leis na cúiseanna lena liostú.

5. Na cúiseanna lena liostú

(a) Stádas mórphearsa gnó atá ag feidhmiú sa tSiria

(1) Leasanna eacnamaíocha an iarratasóra

- 92 Ar an gcéad dul síos, is léir ón bhfaisnéis ó nach mór na hailt nó foilseacháin go léir a thaisc an Chomhairle, seachas an t-alt ón suíomh gréasáin *Orient News* agus an leathanach ón suíomh gréasáin *Al-Iqtisadi*, gurb é an t-iarratasóir bunaitheoir Lead Syria faoi leachtú, cuideachta a fheidhmíonn in earnálacha na hola agus an gháis, agus go bhfuil sé mar chomhpháirtí ann. Luaitear é seo freisin sa chéad chuid de dhoiciméad WK 985/2021 INIT, faoin gceannteideal 'Présentation et liens de proximité avec le régime syrien' ('Cur i láthair agus dlúthbhaint le réimeas na Siria'). I ndiaidh sin, is léir ó víosa chónaithe an iarratasóra in Aontas na nÉimíriochtaí Arabacha agus ón leathanach ar an suíomh gréasáin *Al-Iqtisadi* araon gurb é an t-iarratasóir atá i gceannas ar Lead UAE. Ina theannta sin, deirtear faoin iarratasóir, ar na suíomhanna gréasáin *Syrian Oil & Gas News* agus *Aks al Ser*, go bhfuil baint aige le heintitis éagsúla. Ar deireadh, tagraítear sa sliocht ón leabhar 'The Political Economy of Investment in Syria' d'infheistíocht an iarratasóra in Gulf Sands Petroleum, cuideachta ola atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe agus a sheolann oibríochtaí sa tSiria.
- 93 Dá réir sin, leis an bhfianaise a thaisc an Chomhairle, féachtar lena shuí gur infheisteoir in earnáil ola na Siria é an t-iarratasóir.
- 94 Díospóideann an t-iarratasóir an cur síos sin agus maíonn sé, go bunúsach, nach bhfuil aon leasanna gnó aige sa tSiria a thuilleadh.
- 95 Sa chéad áit, maidir le Lead Syria faoi leachtú, chuir an t-iarratasóir conradh mhí na Samhna 2011 ar fáil trínar tharraing sé siar ón gcuideachta chun tairbhe A, agus thug sé, d'fhonn a léiriú nach raibh an cuideachta sin gníomhach ó 2012, tuairisceáin chánach an eintitis sin ó na blianta 2012 go 2020. Chuir sé ar fáil freisin teastas ó chlár trádála na Damaisce, dar dáta an 5 Eanáir 2021, ar a luaitear gur cuireadh Lead Syria faoi leachtú faoi leachtú an 8 Samhain 2020, is é sin, roimh an dáta ar glacadh na bearta atá faoi chonspóid.
- 96 Ní mór a lua, i dtosach, go dtéann an fhianaise go léir a thaisc an Chomhairle i dtaobh Lead Syria faoi leachtú siar níos faide ná an 5 Eanáir 2021. Ar an dara dul síos, theip ar an gComhairle aon argóint a chur chun cinn chun tacú leis an áitiú go bhfuil Lead Syria faoi leachtú fós gníomhach ná nach bhfuil an fhianaise a chuir an t-iarratasóir ar fáil fóna ná iontaofa.
- 97 Dá bharr sin, ní mór a dhearbhu gur léirigh an t-iarratasóir nach bhfuil aon leas aige in Lead Syria faoi leachtú a thuilleadh, cuideachta a bhí, ar aon chaoi, neamhghníomhach agus faoi leachtú ar an dáta ar glacadh na bearta atá faoi chonspóid.

- 98 Sa dara háit, sa mhéid a bhaineann le Lead UAE, thaisc an t-iarratasóir dhá dhoiciméad a tháinig ó QNA Auditors ar dtús, ar gnólacht iniúcháireachta é sin atá lonnaithe in Dubai (Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha), ina ndeimhníonn QNA Auditors nach bhfuil Lead UAE gníomhach sa tSiria. Is éard atá sna doiciméid seo ná litir an 18 Feabhra 2021 agus tábla an 15 Samhain 2021 a tharraing QNA Auditors suas d'fhonn an liosta tionscadal a bhí ar bun agus a bhí tugtha chun críche ag Lead UAE a dheimhniú. Is léir ón tábla go bhfuil tionscadail tógála idir lámha ag Lead UAE san Ailgéir agus i gCatár.
- 99 Ba cheart a thabhairt faoi deara, seachas víosa chónaithe an iarratasóra in Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha, a chuir an Chomhairle ar fáil, nach luaitear Lead UAE ach amháin ar an leathanach ar an suíomh gréasáin *Al-Iqtisadi*. Mar sin féin, ní luaitear ar an leathanach sin an áit a bhfuil tionscadail Lead UAE á ndéanamh.
- 100 Maidir le hargóint na Comhairle nach léir ó litir an 18 Feabhra 2021 cibé ar bhain na ráitis a bhí istigh ann le Lead UAE nó le Lead Syria faoi leachtú, ní mór diúltú di mar argóint gan bhunús. Mar a tharlaíonn sé, tá míniúcháin a bhfuil bunús leo curtha ar fáil ag an iarratasóir a bhfuil sé i gceist leo idirdhealú a dhéanamh idir Lead Syria faoi leachtú agus Lead UAE. Maidir leis sin, chuir sé fianaise ar fáil maidir le gach ceann de na cuideachtaí sin, ó chomhlachtaí amhail gnólacht iniúcháireachta nó clár tráchtála, lena dtugtar le fios gurb é Lead Syria faoi leachtú an chuideachta a bhunaigh sé le Ghassan Muhanna sa tSiria sular tharraing sé siar as in 2011, agus gurb ionann Lead UAE agus gnólacht a bhunaigh sé in Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha.
- 101 Go deimhin, is féidir mearbhall a bheith mar thoradh ar chomh cosúil atá ainmneacha na gcuideachtaí sin lena chéile. Bíodh sin mar atá, cé go raibh an t-iarratasóir cúramach chun téarma a bhí sainithe go soiléir a shuí agus míniúcháin a chur ar fáil chun cuidiú leis an gCúirt idirdhealú a dhéanamh idir an dá chuideachta sin, níor chuir an Chomhairle an Chúirt in áit mhaith, áfach, lena thuiscint go héasca cén eintiteas lena mbaineann na samplaí éagsúla fianaise atá istigh i ndoiciméid WK 4069/2019 INIT agus WK 985/2021 INIT, a bhfuil ainmneacha éagsúla in úsáid sa dá cheann acu, agus dar ndóigh, tá mearbhall éigin ag baint lena cuid pléadálacha scríofa. Ar deireadh, is léir gur dhearbhaigh an Chomhairle, mar fhreagairt ar cheist ón gCúirt ag an éisteacht, go raibh dhá eintiteas ann ceart go leor, Lead Syria faoi leachtú agus Lead UAE, agus sa chás go raibh tagairt ann d'eintiteas a bhunaigh an t-iarratasóir agus Ghassan Muhanna, bhí sé le tuiscint gurbh é sin Lead Syria faoi leachtú.
- 102 Dá bharr sin, léirigh an t-iarratasóir nach dtéann Lead UAE, a bunaíodh in Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha, a ndeimhnítear é sin leis an bhfianaise a thaisc an Chomhairle, i mbun gníomhaíochtaí ar bith sa tSiria.
- 103 I gcás ar bith, ba cheart a thabhairt faoi deara gur chuir an t-iarratasóir cinneadh ón 23 Márta 2020 ar fáil ón aon scairshealbhóir amháin a bhí ag Lead UAE, Cuideachta B, inar glacadh lena litir éirí as mar stiúrthóir bainistíochta amhail an dáta sin.
- 104 Níor chuir an Chomhairle aon argóint chun cinn chun a dhíospóid gur éirigh an t-iarratasóir as, ná níor tharraing sé amhras ar iontaofacht na fianaise a chuir an t-iarratasóir ar fáil.
- 105 Ar an mbonn sin, ní mór a dhearbhu gur léirigh an t-iarratasóir nach bhfuil baint aige le Lead UAE a thuilleadh, nach cuideachta é ar aon chaoi atá bunaithe sa tSiria ná atá gníomhach ann.
- 106 Sa tríú háit, is gá baint an iarratasóra leis na heintitis éagsúla dá dtagraítear ar na suíomhanna gréasáin *Syrian Oil & Gas News* agus *Aks al Ser* a scrúdú.

- 107 Ar an gcéad dul síos, maidir leis an gcuideachta Asaad and Petngnap & Co., a shamhlaíonn sé, gan an Chomhairle ag cur in aghaidh an phointe sin, le Asaad Beitenjaneh & Partners Company for Processing & Refining Edible Oils, a ndearnadh cuideachta phríobháideach de in 2011 ar a raibh an t-ainm Syrian Private Joint-Stock Company for Processing and Refining Edible Oils, chuir an t-iarratasóir litir an 15 Samhain 2021 ar fáil ón eintiteas sin ina ndeimhnítear nach raibh aon scaireanna aige sa chuideachta sin amhail an dáta sin. Ní mór a rá nach léiríonn an ráiteas sin, lena suitear staid an iarratasóra maidir leis an gcuideachta sin mar a bhí sí ar dháta tar éis dháta glactha bhearta 2021, nach raibh aon scaireanna den sórt sin ag an iarratasóir nuair a ghlac an Chomhairle na bearta sriantacha ina choinne. Mar sin féin, maidir leis an aon sampla fianaise amháin a chuir an Chomhairle ar fáil lena dtugtar le fios gur comhpháirtí san eintiteas sin é an t-iarratasóir, tá sé sean, ós rud é go dtéann sé siar go 2010. Ina theannta sin, níl aon sampla fianaise eile níos déanaí ann a chomhthacaíonn leis an bhfaisnéis sin. Thairis sin, theip ar an gComhairle aon argóint a chur chun cinn chun a áitiú gur lean an t-iarratasóir de leas a bheith aige sa chuideachta sin. Ar deireadh, theip uirthi freisin aon argóint a chur chun cinn chun iontaofacht agus ábharthacht an tsampla fianaise arna thabhairt ag an iarratasóir a dhíospóid. Sna imthosca sin, tá amhras réasúnta ann go raibh, nuair a glacadh bearta 2021, stádas an scairshealbhóra fós ag an iarratasóir sa chuideachta i dtrácht.
- 108 Os a choinne sin, maidir le bearta coinneála 2022, ós rud é go raibh an fhianaise a thug an t-iarratasóir ar aird ann roimh ghlacadh na mbeart sin, agus ós rud é nár thug an Chomhairle aon fhianaise bhreise ar aird, ní mór a dhearbhu gur léirigh an t-iarratasóir nach raibh stádas an scairshealbhóra aige a thuilleadh in Asaad and Petngnap & Co. nuair a glacadh na bearta coinneála sin.
- 109 Ar an dara dul síos, maidir leis an gcuideachta United Insurance Company, chuir an t-iarratasóir litir an 16 Samhain 2021 ar fáil ó chathaoirleach na cuideachta sin, ina luaitear nach raibh aon scaireanna ag an iarratasóir sa chuideachta sin ó 2012. Óna taobh féin de, thug an Chomhairle foilseachán aonair a bhfuil sé beartaithe leis a léiriú go bhfuil infheistiú ag an iarratasóir san eintiteas sin ó 2010 i leith, agus theip uirthi aon argóint a chur chun cinn chun iontaofacht ná ábhar na litreach réamhluaite a dhíospóid. Ní mór a dhearbhu, dá bhrí sin, gur léirigh an t-iarratasóir nach raibh aon scaireanna aige sa chuideachta sin nuair a glacadh na bearta atá faoi chonspóid.
- 110 Ar an tríú dul síos, maidir leis an gcuideachta Al Badia Cement JSC, chuir an t-iarratasóir litir ar fáil dar dáta an 25 Aibreán 2021 ón eintiteas sin ina ndeimhnítear gur éirigh sé as a phost mar chomhalta den Bhord Stiúrthóirí ar an 25 Meán Fómhair 2011, agus gur dhíol sé na scaireanna a bhí aige in 2011. Chuir sé ar fáil, ar mhaithe lena léiriú nach bhfuil aon leas aige sa chuideachta sin a thuilleadh, dhá dhoiciméad eile, a tógadh ón suíomh gréasáin WikiLeaks, lena ndeimhnítear gur éirigh sé as. Óna taobh féin de, níor éirigh leis an gComhairle aon argóint a chur chun cinn chun agóid a dhéanamh i gcoinne iontaofacht nó ábhar na samplaí fianaise sin. Léirigh an t-iarratasóir dá réir sin nach raibh sé ceangailte leis an gcuideachta atá i gceist nuair a glacadh na bearta atá faoi chonspóid.
- 111 Ar an gceathrú dul síos, maidir le Bank Audi Syria, a n-áitíonn an t-iarratasóir go ndearnadh Ahli Trust Bank de, rud nach ndíospóideann an Chomhairle, chuir an t-iarratasóir litir dar dáta an 11 Samhain 2021 ar fáil ón eintiteas sin ina ndeimhnítear nach bhfuil aon scaireanna aige san eintiteas sin suas go dtí an dáta sin. Óna taobh féin de, níor chuir an Chomhairle ar fáil ach fianaise ó 2010 agus 2012 lenar tugadh le fios gur comhpháirtí san eintiteas sin atá san iarratasóir,

agus theip uirthi aon argóint a chur chun cinn chun iontaofacht ná ábhar na litreach réamhluaite a dhíospóid. Ní mór a dhearbhu, dá bhrí sin, gur léirigh an t-iarratasóir nár scairshealbhóir sa bhanc sin é nuair a glacadh na bearta atá faoi chonspóid.

- 112 Ar an gcúigiú dul síos, maidir leis an gcuideachta Syrian Arab Insurance Company, chuir an t-iarratasóir litir dar dáta an 9 Samhain 2021 ar fáil ón eintiteas sin ina ndeimhnítear nach raibh aon scaireanna aige sa chuideachta sin amhail an dáta sin. Óna taobh féin de, chuir an Chomhairle foilseachán aonair ar fáil a raibh sé beartaithe leis a léiriú go raibh infheistiú ag an iarratasóir san eintiteas sin ó 2010 i leith; theip ar an gComhairle aon argóint a chur chun cinn chun agóid a dhéanamh i gcoinne iontaofacht ná ábhar na litreach réamhluaite. Ní mór a dhearbhu, dá bhrí sin, gur léirigh an t-iarratasóir nach raibh aon scaireanna aige sa chuideachta sin nuair a glacadh na bearta atá faoi chonspóid.
- 113 Ar an séú dul síos, maidir le Aqeelah Takaful Insurance Company, chuir an t-iarratasóir litir dar dáta an 10 Bealtaine 2021 ar fáil ón eintiteas sin ina ndeimhnítear nach raibh aon scaireanna aige sa chuideachta sin ‘go dtí an 31 Márta 2021’. Nuair a ceistíodh é ag an éisteacht, dheimhnigh sé nár tugadh le fios leis an bhfoclaíocht ach nach raibh úinéireacht aige ar scaireanna sa chuideachta sin. Ar aon chaoi, léirítear leis an sampla fianaise sin, ar a laghad ar bith, nach raibh, contrártha don mhéid a luadh i bhfoilseachán ar an suíomh gréasáin *Syrian Oil & Gas News*, aon scaireanna ag an iarratasóir sa chuideachta sin in 2010. Óna taobh féin de, chuir an Chomhairle foilseachán aonair ar fáil a raibh sé beartaithe leis nasc a léiriú idir an t-iarratasóir agus an chuideachta árachais sin, agus theip uirthi aon argóint a chur chun cinn chun agóid a dhéanamh i gcoinne iontaofacht ná ábhar na litreach réamhluaite. Tá amhras réasúnta ann, dá bhrí sin, go raibh an t-iarratasóir nasctha leis an gcuideachta árachais atá i gceist nuair a glacadh na bearta atá faoi chonspóid.
- 114 Ar an seachtú dul síos, maidir le Dajajouna, ar trádmharc é, dar leis an iarratasóir, de DANZ for Food Industries, rud nach ndíospóideann an Chomhairle, chuir an t-iarratasóir litir dar dáta an 15 Samhain 2021 ar fáil ina luaitear nach raibh aon scaireanna aige sa chuideachta sin idir an 3 Eanáir 2010 agus an 15 Samhain 2021. Óna taobh féin de, chuir an Chomhairle foilseachán aonair ar fáil a bhfuil sé beartaithe leis a léiriú go bhfuil infheistiú ag an iarratasóir san eintiteas sin ó 2010 i leith, agus theip uirthi aon argóint a chur chun cinn chun iontaofacht ná ábhar na litreach réamhluaite a dhíospóid. Ní mór a dhearbhu, dá bhrí sin, gur léirigh an t-iarratasóir nach raibh aon scaireanna aige sa chuideachta sin nuair a glacadh na bearta atá faoi chonspóid.
- 115 Ar an ochtú dul síos, maidir leis an gcuideachta Assaad Baitangana and Partners for Producing Oils, a shamhlaíonn sé, gan agóid a bheith déanta ag an gComhairle i gcoinne an phointe sin, le Asaad Beitenjaneh & Partners Company for Syrian Olive Oil, a ndearnadh cuideachta phríobháideach de in 2011 ar a raibh an t-ainm Syrian Olive Oil Private Joint-Stock Company, chuir an t-iarratasóir litir dar dáta an 15 Samhain 2021 ar fáil ón gcuideachta sin ina ndeimhnítear nach raibh aon scaireanna aige sa chuideachta sin amhail an dáta sin. Ní mór a rá nach léiríonn an ráiteas sin, lena suitear staid an iarratasóra maidir leis an gcuideachta sin mar a bhí sí ar dháta tar éis dháta glactha bhearta 2021, nach raibh aon scaireanna den sórt sin ag an iarratasóir nuair a ghlac an Chomhairle na bearta sriantacha ina choinne. Mar sin féin, maidir leis an aon sampla fianaise amháin a chuir an Chomhairle ar fáil lena dtugtar le fios gur comhpháirtí san eintiteas sin é an t-iarratasóir, tá sé sean, ós rud é go dtéann sé siar go 2010. Ina theannta sin, níl aon sampla fianaise eile níos déanaí ann a chomhthacaíonn leis an bhfaisnéis sin. Thairis sin, theip ar an gComhairle aon argóint a chur chun cinn chun a áitiú gur lean an t-iarratasóir de leas a bheith aige sa chuideachta sin. Ar deireadh, theip uirthi freisin aon argóint a chur chun cinn

chun iontaofacht agus ábharthacht an tsampla fianaise arna thabhairt ag an iarratasóir a dhíospóid. Sna imthosca sin, tá amhras réasúnta ann go raibh, nuair a glacadh bearta 2021, stádas an scairshealbhóra fós ag an iarratasóir sa chuideachta i dtrácht.

- 116 Os a choinne sin, maidir le bearta coinneála 2022, ós rud é go raibh an fhianaise a thug an t-iarratasóir ar aird ann roimh ghlacadh na mbeart sin, agus ós rud é nár thug an Chomhairle aon fhianaise bhreise ar aird, ní mór a dhearbhu gur léirigh an t-iarratasóir nach raibh stádas an scairshealbhóra ag an iarratasóir a thuilleadh in Syrian Olive Oil Private Joint-Stock Company nuair a glacadh na bearta coinneála sin.
- 117 Ar an naoú dul síos, maidir le Cham Holding, chuir an t-iarratasóir litir dar dáta an 12 Bealtaine 2021 ar fáil ón eintiteas sin ina ndeimhnítear nach raibh aon scaireanna aige sa chuideachta sin a thuilleadh amhail an 26 Meitheamh 2014. Óna taobh féin de, chuir an Chomhairle dhá fhoilseachán ar fáil ó 2010 agus 2012 ina luaitear go bhfuil leasanna ag an iarratasóir sa chuideachta sin; theip ar an gComhairle aon argóint a chur chun cinn chun agóid a dhéanamh i gcoinne iontaofacht agus ábharthacht na litreach réamhluaite ná chun a léiriú go raibh leasanna ag an iarratasóir fós sa chuideachta sin. Ní mór a dhearbhu, dá bhrí sin, gur thug an t-iarratasóir fianaise ar aird nach raibh aon scaireanna aige a thuilleadh sa chuideachta atá i gceist nuair a glacadh na bearta atá faoi chonspóid.
- 118 Tuigtear ón méid thuas gur thug an t-iarratasóir dóthain fianaise ar aird chun amhras a tharraingt ar chruinneas thorthaí na Comhairle maidir leis an mbaint a bhí aige in eintitis éagsúla sa tSiria.
- 119 Ar an deichiú dul síos agus ar deireadh, maidir le Gulfsands Petroleum, i dtús báire, ní shéanann an t-iarratasóir go raibh scaireanna aige sa chuideachta sin, ach luann sé go raibh na scaireanna sin aige trí Hickam Ventures Ltd. Maidir leis sin, thaisc sé liosta de phunann scaireanna na cuideachta sin amhail an 31 Nollaig 2008, ónar léir go raibh scaireanna ag Hickam Ventures Ltd. in Gulfsands Petroleum ceart go leor. I ndiaidh sin, luann an t-iarratasóir nárbh é a bhunaigh Gulfsands Petroleum, d'ainneoin a maíonn an Chomhairle, agus chuir sé ar fáil ina leith sin an Meabhrán Comhlachais don chuideachta sin, dar dáta an 2 Nollaig 2014. Is léir ón doiciméad sin a léamh nárbh é an t-iarratasóir bunaitheoir ná stiúrthóir na cuideachta lena mbaineann tráth a chorpraithe. Chomh maith leis sin, chuir an t-iarratasóir miondealú ar fáil ar dháileadh sócmhainní agus ar fhorbairt phunann Hickam Ventures d'fhonn a thaispeáint gur dhídhílsigh an chuideachta sin na scaireanna sa chuideachta atá i gceist in 2009. Ba cheart a thabhairt faoi deara go léirítear imeacht na scaireanna sin i bhforbairt na punainne a bunaíodh an 31 Nollaig 2009. Deimhnítear é sin le liosta na scairshealbhóirí sa chuideachta sin, ar a bhfuil an dáta an 3 Nollaig 2010, nach bhfuil Hickam Ventures ná ainm an iarratasóra air. Ar deireadh, tá liosta deimhnithe de na scairshealbhóirí in Hickam Ventures amhail an 12 Eanáir 2021 lena léiriú nach raibh aon leas aige ann a thuilleadh. Is léir cinnte ón doiciméad sin nach bhfuil ainm an iarratasóra ar an liosta de na scairshealbhóirí in Hickam Ventures. Ar a taobh féin, ní dhíospóideann an Chomhairle an cur síos ar na fíorais mar a mhol an t-iarratasóir é ar bhealach a bhfuil bunús leis ná ní tharraingíonn sí amhras ar iontaofacht ná ábhar na fianaise a chuir an t-iarratasóir ar fáil, agus chuir sí féin doiciméad aonair ar fáil ina dtugtar le fios go raibh infheistíocht déanta ag an iarratasóir sa chuideachta sin, eadhon sliocht as leabhar a théann siar go 2015, atá ag brath ar alt ó 2007. Ní mór a dhearbhu, dá bharr sin, gur tharraing an t-iarratasóir amhras go bailí ar an bhfíoras nach raibh aon scaireanna aige a thuilleadh sa chuideachta atá i gceist nuair a glacadh na bearta atá faoi chonspóid.
- 120 I bhfianaise a bhfuil thuas, is é an tátal nár mhór a bhaint as ná gur theip ar an gComhairle bunús a thabhairt de réir an chaighdeáin dlí is gá go raibh leasanna tráchtála ag an iarratasóir sa tSiria.

121 Anuas air sin, is léir ón bhfoilseachán dar dáta an 6 Meán Fómhair 2012 ón suíomh gréasáin *Aks al Ser*, a chuir an Chomhairle ar fáil, gur thosaigh an t-iarratasóir ag déanamh a chuid sócmhainní airgeadais a leachtú agus a chuid airgid a aistarraingt ó na bainc tar éis bhuamáil cheanncheathrú Slándála Náisiúnta na Siria, ar gnách leis maíomh an iarratasóra a dheimhniú nach raibh, ó 2012 i leith, aon leas aige sa tSiria a thuilleadh.

(2) *Poist an iarratasóra i gcomhlachtaí áirithe a bhaineann le trádáil*

122 Is léir ón suíomh gréasáin *Syrian Oil & Gas News* go bhfuil an t-iarratasóir i gceannas ar bhrainte na Siria de Chomhlachas Tráchtála na Siria-na hAilgéire, agus gur comhalta é de Choiste Náisiúnta na Siria de Chomhlachas Tráchtála Idirnáisiúnta na Siria.

123 Ina leith sin, ní shéanann an t-iarratasóir go raibh sé páirteach i gComhlachas Tráchtála na Siria-na hAilgéire ná i gComhlachas Tráchtála Idirnáisiúnta na Siria.

124 Mar sin féin, ar dtús, sa mhéid a bhaineann le Comhlachas Tráchtála na Siria-na hAilgéire, chuir an t-iarratasóir litir an 1 Iúil 2013 ar fáil, a sheol an comhlachas sin chuig Bank Audi tar éis d'Aireacht Geilleagair agus Trádála Eachtraí na Siria Cinneadh Uimh. 247 a ghlacadh lenar foráladh do dhíscáileadh chomhairlí comhpháirteacha fir gnó na Siria. Ní mór a lua gurb é atá san aon fhianaise amháin a chuir an Chomhairle ar fáil ná foilseacháin ón suíomh gréasáin *Syrian Oil & Gas News* a théann siar go 2010, is é sin le rá, roimh ghlacadh an chinnidh sin. Ina theannta sin, ní dhearna an Chomhairle agóid i gcoinne iontaofacht ná ábhar na litreach réamhluaite, ná níor chruthaigh sí go raibh an comhlachas athbhunaithe, nuair a glacadh na bearta atá faoi chonspóid, agus go raibh an t-iarratasóir ina chomhalta de. Ó léirigh an t-iarratasóir nárbh ann don chomhlachas atá i gceist nuair a glacadh na bearta atá faoi chonspóid, ní féidir brath ar an bhfíoras go raibh sé ina chomhalta de d'fhonn bunús a thabhairt dá stádas mar mhórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria.

125 Ar an dara dul síos, maidir le Comhlachas Tráchtála Idirnáisiúnta na Siria, chuir an t-iarratasóir litir an 16 Feabhra 2021 ó Uachtarán Choiste Náisiúnta na Siria den chomhlachas sin ar fáil, ina léirítear gur éirigh sé as a phost ar Bhord Stiúrthóirí an Chomhlachais agus nach raibh sé gníomhach ar an mbord sin ó 2012. Ní mór a lua gurb é atá san aon fhianaise amháin a chuir an Chomhairle ar fáil ná foilseacháin ón suíomh gréasáin *Syrian Oil & Gas News* a théann siar go 2010, is é sin le rá, sular éirigh an t-iarratasóir as in 2012. Anuas air sin, leis na hargóintí a chuireann an Chomhairle chun cinn maidir leis na litreacha ó thríú páirtithe a chuir an t-iarratasóir ar fáil, féachtar le hamhras a tharraingt ar na ráitis a rinneadh istigh ann maidir leis na gníomhaíochtaí gnó a bhí á ndéanamh ag an iarratasóir sa tSiria. Os a choinne sin, theip uirthi aon argóint a chur chun cinn go sonrach chun an fíoras a dhíospóid gur éirigh an t-iarratasóir as Bord Stiúrthóirí an Chomhlachais atá i gceist go cinnte, agus d'aithin sí fiú gur éirigh sé as, sa chaoi chéanna agus a d'aithin sí go bhfuil an ghníomhaíocht sin ar thaobh an iarratasóra thart anois. Ar deireadh, ní dhíospóideann an Chomhairle iontaofacht na litreach réamhluaite. Ar an mbonn sin, ní mór a dhearbhu gur léirigh an t-iarratasóir nach comhalta boird den chomhlachas atá i gceist a bhí ann nuair a glacadh na bearta atá faoi chonspóid. Theip ar an gComhairle aon fhianaise fhóna sheasmhach a chur chun cinn óna bhféadfaí a thuiscint go réasúnta go bhfuil naisc ag an iarratasóir fós leis an gcomhlachas sin, lena dtabharfaí bonn cirt dá ainm a bheith san áireamh ar na liostaí atá i gceist, tar éis fhoirceannadh ghníomhaíochtaí an duine sin laistigh den struchtúr sin (féach, chuige sin agus de réir análaí, breithiúnas an 24 Samhain 2021, *Assi v an Chomhairle*, T-256/19, EU:T:2021:818, mír 128).

- 126 Tuigtear ón méid thuas gur theip ar an gComhairle bunús a thabhairt de réir an chaighdeáin dlí is gá leis an bhfíoras gur comhalta de Chomhlachas Tráchtála na Siria-na hAilgéire agus de Chomhlachas Tráchtála Idirnáisiúnta na Siria é an t-iarratasóir.

(3) Torthaí maidir le stádas an iarratasóra mar mhórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria

- 127 Ó theip ar an gComhairle a léiriú de réir an chaighdeáin dlí is gá go raibh leasanna gnó ag an iarratasóir sa tSiria nó go raibh poist aige i gcomhlachtaí a bhain le trádáil, ní mór a chinneadh gur theip uirthi bunús a thabhairt leis an bhfíoras lena liostú maidir le stádas an iarratasóra mar mhórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria.

(b) An bhaint atá aige le daoine de theaghlach Assad agus Makhoulf

- 128 Ar an gcéad dul síos, is léir ón bhfaisnéis ó na suíomhanna gréasáin *Dawdaa, Syriano, Ayn Almadina, Al Khaleej Online* agus *Al Hewart*, ón leabhar dar teideal ‘The Political Economy of Investment in Syria’, agus ón gcéad chuid de dhoiciméad WK 985/2021 INIT, go bhfuil baint ag an iarratasóir le Mohammed Makhoulf agus le Rami Makhoulf. Ar an dara dul síos, dar le faisnéis ó na suíomhanna gréasáin *Dawdaa, Orient News, Al Khaleej Online* agus *Al Hewart*, agus dar leis an gcéad chuid de dhoiciméad WK 985/2021 INIT, tá baint ag an iarratasóir le teaghlach Assad.

(1) An bhaint atá aige le teaghlach Makhoulf

- 129 Ba cheart a thabhairt faoi deara gur gnách go léirítear leis an bhfianaise a chuir an Chomhairle ar fáil go bhfuil dhá chineál bainte i gceist le baint an iarratasóra le daoine de theaghlach Makhoulf: gairmiúil agus pearsanta. Deimhnítear an toradh sin, lena chois sin, san athfhreagra.
- 130 Sa chéad áit, maidir leis an mbaint ghairmiúil atá ag an iarratasóir le daoine de theaghlach Makhoulf, is léir í sin, dar leis an bhfaisnéis a chuir an Chomhairle ar fáil, ar thaobh amháin, ón gcomhpháirtíocht a ndeachaidh sé ina bun le Ghassan Muhanna, mar chur i gcéill thar ceann a dhearthár céile, Mohammed Makhoulf, athair Rami Makhoulf, i gcomhthéacs Lead Syria faoi leachtú; agus, ar an taobh eile, ón infheistíocht a rinneadh in Gulfsands Petroleum, i dteannta Rami Makhoulf, agus leas an iarratasóra in Cham Holding, arb é Rami Makhoulf atá i gceannas air.
- 131 Ar an gcéad dul síos, maidir le Lead Syria faoi leachtú, léirigh an t-iarratasóir, mar is léir ó mhíreanna 95 go 97 thuas, gur fhág sé an chuideachta sin i mí na Samhna 2011 agus go raibh sí faoi leachtú nuair a glacadh na bearta atá faoi chonspóid. Dá bharr sin, ní féidir leis an gComhairle dul i muinín bhaint an iarratasóra sa chuideachta sin d’fhonn a thaispeáint go raibh caidreamh gairmiúil idir an t-iarratasóir agus Mohammed Makhoulf nuair a glacadh na bearta sin.
- 132 Ar an dara dul síos, maidir le Cham Holding agus Gulfsands Petroleum, chruthaigh an t-iarratasóir, mar is léir, faoi seach, ó mhír 117 agus mír 119 thuas, nach raibh aon leas aige sna cuideachtaí sin a thuilleadh nuair a glacadh na bearta atá faoi chonspóid. Dá bharr sin, ní féidir leis an gComhairle dul i muinín bhaint an iarratasóra sna cuideachtaí sin d’fhonn a thaispeáint go raibh caidreamh gairmiúil idir an t-iarratasóir agus Rami Makhoulf nuair a glacadh na bearta sin.

- 133 Sa dara háit, sa mhéid a bhaineann le baint phearsanta an iarratasóra le daoine de theaghlach Makhlouf, is léir ón alt ón suíomh gréasáin *Ayn Almadina* gurb é an t-iarratasóir col ceathrair Mohammed Makhlouf, agus gurb í a mháthair, Jamila Muhanna, col ceathrair bhean chéile Mohammed Makhlouf. Maidir leis an alt a foilsíodh ar an suíomh gréasáin *Al Khaleej Online*, luaitear ann gur duine muinteartha de Mohammed Makhlouf é an t-iarratasóir.
- 134 Déantar cur síos sa chéad chuid de dhoiciméad WK 985/2021 INIT, sa chur i láthair ar an iarratasóir agus an dlúthbhaint atá aige le réimeas na Siria, ar an iarratasóir mar chol ceathrair leis na siblínní Assad agus Makhlouf mar gheall ar nasc an phósta, sa mhéid gurb í a aintín mháthartha bean chéile Mohammed Makhlouf, arb é sin athair Rami Makhlouf agus uncail an Uachtaráin Bashar Al-Assad.
- 135 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur athdhearbhaigh an Chomhairle, i litir an 12 Feabhra 2021, go raibh an t-iarratasóir ceangailte le teaghlaigh Rami Makhlouf agus an Uachtaráin Bashar Al-Assad mar gheall ar phósadh a aintín máthartha le Mohammed Makhlouf.
- 136 Ar an gcéad dul síos, níor chuir an Chomhairle, ar a bhfuil an dualgas cruthúnais, mar a meabhraíodh i mír 72 thuas, ach dhá fhoilseachán ar fáil a tógadh ó shuíomhanna gréasáin ina dtagraítear don ghaol muintearais idir an t-iarratasóir agus teaghlach Makhlouf. I gceann de na foilseacháin sin, eadhon an suíomh gréasáin *Al Khaleej Online*, ní dhéantar ach tagairt dhoiléir don ghaol muintearais sin, ní chuirtear síos air. I ndiaidh sin, tá an gaol muintearais dá dtagraítear ar an suíomh gréasáin *Ayn Almadina* – gurb é an t-iarratasóir col ceathrair Mohammed Makhlouf, agus gurb í a mháthair, Jamila Muhanna, col ceathrair bhean chéile Mohammed Makhlouf, éagsúil ón ngaol muintearais a luaitear sa chéad chuid de dhoiciméad WK 985/2021 INIT. Luaitear sa doiciméad sin gurb í aintín mháthartha an iarratasóra – dá bhrí sin, go teoiriciúil, deirfiúr Jamila Muhanna – atá pósta le Mohammed Makhlouf.
- 137 Dá bharr sin, ní chomhthacaíonn na hítimí faisnéise atá i ndoiciméad WK 4069/2019 INIT agus i ndoiciméad WK 985/2021 INIT lena chéile.
- 138 Anuas air sin, níl bunús leis an dearbhú i ndoiciméad WK 985/2021 INIT go bhfuil duine d'aintíní máthartha an iarratasóra pósta le Mohammed Makhlouf agus tá sé doiléir, ós rud é nach bhfuil aon fhianaise ann le hé a dheimhniú agus nach dtugtar aon ainm chun bean chéile Mohammed Makhlouf a ainmniú. Ina theannta sin, ní dearbhú áititheach é dearbhú na Comhairle go bhféadfadh an nath 'aintín mháthartha' a bheith ina thagairt d'aintín mháthair an iarratasóra. Déanta na fírinne, déantar cur síos soiléir sa chéad chuid den doiciméad sin ar bhean chéile Mohammed Makhlouf mar aintín mháthartha an iarratasóra. Bhraith an Chomhairle ar an mbaint teaghlaigh sin, gan forchoimeádas a chur in iúl, i litir an 12 Feabhra 2021. Dá réir sin, ní féidir léi a áitiú anois go bhféadfadh aintín mháthair an iarratasóra a bheith i gceist, i ndáiríre. I gcás ar bith, cuirtear chun cinn a dearbhú mar hipitéis agus níl aon bhunús leis.
- 139 Ar deireadh, níl in argóint na Comhairle go bhfuil gaol idir Ghassan Muhanna agus máthair an iarratasóra ach hipitéis ar a mhéad, a leagadh amach den chéad uair sa chosaint. Ar aon chaoi, ní thacaíonn aon chuid den fhianaise a thaisc an Chomhairle leis an tuairim sin.
- 140 Ina theannta sin, chuir an Chomhairle breithiúnas tribunal administratif de Paris (Cúirt Riaracháin, Páras, an Fhrainc) an 13 Meán Fómhair 2021 a bhaineann leis an iarratasóir ar fáil d'fhonn a léiriú gur aithníodh go raibh gaol muintearais aige cinnte le teaghlaigh Makhlouf agus Assad.

- 141 Ina leith sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, trí sin a dhéanamh, nach mbraitheann an Chomhairle ar chinneadh chúirt na Fraince mar fhianaise lena bhféachtar le bunús a thabhairt do na cúiseanna le hainm an iarratasóra a áireamh ar na liostaí atá i gceist, ach ina áit sin, taisceann sí an fhianaise sin chun an cur síos ar an iarratasóir a thug an Chomhairle don Chúirt a dheimhniú. Sa chiall sin, ní gá a thuilleadh, dá bhrí sin, inghlacthacht an tsampla fianaise sin a bhreithniú i bhfianaise an chásdlí, lena n-éilítear nach mór dlíthiúlacht ghníomh den Aontas Eorpach a mheas ar bhonn na bhfíoras agus an dlí mar a bhí siad tráth ar glacadh an gníomh (féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Meán Fómhair 2015, *Inuit Tapiriit Kanatami agus páirtithe eile v an Coimisiún*, C-398/13 P, EU:C:2015:535, mír 22 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 4 Meán Fómhair 2015, *NIOC agus páirtithe eile v an Chomhairle*, T-577/12, nár foilsíodh, EU:T:2015:596, mír 112 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 142 É sin ráite, ba cheart a mheabhruí go bhfuil dlínse eisiach ag Cúirteanna an Aontais Eorpaigh, faoi Airteagal 263 CFAE, chun dlíthiúlacht bearta a ghlac an Chomhairle a athbhreithniú. Ar an mbonn sin, is faoin gCúirt atá sé dlíthiúlacht na mbeart atá faoi chonspóid a scrúdú i bhfianaise na n-argóintí agus na fianaise a chuir na páirtithe faoina bráid.
- 143 Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur thug tribunal administratif de Paris (Cúirt Riaracháin, Páras), agus é ag rialú ar chinneadh an 12 Feabhra 2020 ó Aire na Fraince um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadas ('cinneadh na Fraince an 12 Feabhra 2020'), rialú maidir leis na cúiseanna lena liostú mar a leagtar amach i mbearta 2019. Dá réir sin, tá ábhar na gcaingne éagsúil óna chéile, agus mar thoradh air sin, i gcás ar bith, ní féidir leis an gCúirt a bheith faoi cheangal ag an bhfeidhm *res judicata* a d'fhéadfadh a bheith ag an rialú sin.
- 144 Maidir leis sin, is léir ó na sleachta as clár stádais shibhialta na Siria a thaisc an t-iarratasóir agus a bhaineann le taobh máthartha a theaghlach, dar dáta an 25 agus an 26 Aibreán 2021, nach ndíospóideann an Chomhairle a n-iontaofacht ná a n-ábharthacht, nach bhfuil aon duine d'aintíní máthartha an iarratasóra pósta le Mohammed Makhlof.
- 145 Cé gur fíor go bhfuil litriú chéadainm agus shloinne mháthair an iarratasóra ar na sleachta ó chlár stádais shibhialta na Siria beagáinín éagsúil ón litriú atá ar shamplaí eile fianaise ('Jamileh' in áit 'Jamila' agus 'Mhanna' in áit 'Muhanna'), d'fhéadfadh go míneofaí difríochtaí den sórt sin le traslitríú ainmneacha Arabacha isteach i gcarachtair Laidineacha.
- 146 Ina theannta sin, luann an Chomhairle í féin, sa chosaint, gurb í Jamila Muhanna máthair an iarratasóra. Ar an mbonn sin, ní mór a dhearbhuí go mbaineann na sleachta ó chlár stádais shibhialta na Siria le taobh máthartha theaghlach an iarratasóra cinnte. Mar sin, ní mór a chinneadh go bhfuil fianaise tugtha ar aird ag an iarratasóir cinnte nach raibh duine ar bith dá aintíní máthartha pósta le Mohammed Makhlof.
- 147 Mar fhocal scoir, mar gheall ar na neamhréireachtaí san fhianaise a chuir an Chomhairle ar fáil agus i bhfianaise na ndoiciméad a thug an t-iarratasóir, ní mór a dhearbhuí gur theip ar an gComhairle dóthain bunúis a thabhairt maidir le tuillteanais na gcúiseanna lena liostú lena líomhnaítear go bhfuil baint ag an iarratasóir le daoine de theaghlach Makhlof.

(2) *An bhaint atá aige le daoine de theaghlach Assad*

- 148 Ba cheart a thabhairt faoi deara gur gnách go léirítear leis an bhfianaise a chuir an Chomhairle ar fáil gur de chineál gairmiúil amháin atá baint an iarratasóra le daoine de theaghlach Assad.

- 149 Is léir ón suíomh gréasáin *Dawdaa* nach duine de theaghlach Assad atá san iarratasóir, ach go bhfuil sé mór leis an teaghlach sin mar gheall ar a chuid freagrachtaí.
- 150 Anuas air sin, tá cur chuige glactha ag an gComhairle nach bhfuil iomlán soiléir. Cé go nglacann sí leis nach é an t-iarratasóir col ceathrair an Uachtaráin Bashar Al-Assad agus gur dheimhnigh sí ag an éisteacht nach bhfuil col ceathrair ag an Uachtarán a bhfuil an t-ainm céanna air agus atá ar an iarratasóir, mhínigh an Chomhairle, sa chosaint, go bhféadfaí a mheas gur col ceathrair leis an Uachtarán sin é an t-iarratasóir, sa mhéid gurb ionann Mohammed Makhoul, a líomhnaítear go bhfuil gaol cleamhnais aige leis an iarratasóir toisc go bhfuil sé pósta le duine dá aintíní máthartha, agus uncail an Uachtaráin atá i gceist.
- 151 Ina leith sin, ar dtús, ba cheart a thabhairt faoi deara nár bhraith an Chomhairle go foirmiúil air gurb é an t-iarratasóir col ceathrair an Uachtaráin Bashar Al-Assad d'fhonn bonn cirt a thabhairt dá ainm a bheith san áireamh ar na liostaí atá i gceist. Ar an dara dul síos, ní mór a mheabhrú gur theip ar an gComhairle, mar a suíodh i mír 147 thuas, a léiriú de réir an chaighdeáin dlí is gá baint phearsanta an iarratasóra le teaghlach Makhoul, trína bhfuil sé ceangailte, mar a líomhnaítear, le teaghlach Assad.
- 152 Sa mhéid a bhaineann sé le baint ghairmiúil an iarratasóra le daoine de theaghlach Assad, is dealraitheach ón bhfaisnéis ó na suíomhanna gréasáin *Dawdaa*, *Orient News*, *Al Khaleej Online* agus *Al Hewan* gur forbraíodh an bhaint sin in earnáil an ola. Sa chéad chuid de dhoiciméad WK 985/2021 INIT, deirtear faoin iarratasóir gur bhain sé tairbhe as na naisc a bhí aige le Bassel Al-Assad, an mac is sine le Hafez Al-Assad, a fuair bás an 21 Eanáir 1994, chun a shaibhreas a dhéanamh.
- 153 I bhfianaise bhás Bassel Al-Assad in 1994, is iomchuí a dhíriú ar bhaint an iarratasóra le daoine de theaghlach Assad tríd a ghníomhaíochtaí in earnáil an ola amháin.
- 154 Maidir leis sin, tuigtear ó na hailt ó na suíomhanna gréasáin *Al Khaleej Online* agus *Al Hewan* gur trí Lead Syria faoi leachtú a raibh baint ag an iarratasóir le daoine de theaghlach Assad. Mar a suíodh i mír 97 thuas, nuair a glacadh na bearta atá faoi chonspóid, ní raibh aon bhaint ag an iarratasóir leis an gcuideachta sin a thuilleadh.
- 155 Ar an dara dul síos, maidir leis an gcomhpháirtíocht idir an t-iarratasóir agus Maher Al-Assad i ndáil leis an gcomhaontas 'ola le haghaidh bia', ní mór a lua go dtagraítear dó sin san alt ar an suíomh gréasáin *Orient News* agus air sin amháin. Mar sin féin, ní mhínítear leis an sampla fianaise sin amháin – nach raibh sé, thairis sin, ina ábhar d'aon mhíniúchán áititheach ón gComhairle, bíodh sin ina cuid pléadálacha scríofa nó ag an éisteacht, an bealach ar tháinig an comhaontas sin chun cinn, is é sin le rá, cé na eintitis a ndeachthas tríothu, nó cé na hiarmhairtí a d'eascair as. Bhí gá le míniúcháin den sórt sin, áfach, ós rud é, ina theannta sin, go dtuigtear go forleathan gurb ionann an nath 'ola le haghaidh bia' agus tagairt don chlár a chuir Eagraíocht na Náisiún Aontaithe ar bun idir 1996 agus 2003 ar mhaithe leis an Iaráic.
- 156 Ar an tríú dul síos, déantar tagairt san fhoilseachán ón suíomh gréasáin *Dawdaa* do scoilt idir an t-iarratasóir agus teaghlach Assad mar gheall ar chúrsaí ola, agus dá thoradh sin, is é a thugtar le fios i ndáiríre leis an sampla fianaise sin ná gur cuireadh deireadh leis an mbaint idir an t-iarratasóir agus teaghlach Assad san earnáil sin.

- 157 Dá bharr sin, theip ar an gComhairle corpas fianaise sách nithiúil, beacht agus seasmhach a thabhairt ar aird lena shuí go bhfuil baint ghairmiúil ag an iarratasóir le daoine de theaghlach Assad mar gheall ar ghníomhaíochtaí in earnáil an ola.
- 158 Ina theannta sin, luaitear san fhoilseachán ón suíomh gréasáin *Dawdaa* go bhfuil baint fós ag an iarratasóir le teaghlach Assad mar gheall ar na freagrachtaí atá air. Mar sin féin, ní shonraítear na freagrachtaí atá i gceist, agus ní mhínítear an bealach a mbunófaí naisc den sórt sin trí na freagrachtaí sin. Ó tharla, lena chois sin, nach bhfuil samplaí eile fianaise ann a chomhthacaíonn leis an bhfaisnéis, ní mór a dhearbhu nach gcruthaítear léi de réir an chaighdeáin dlí is gá gurb ann do bhaint ghairmiúil idir an t-iarratasóir agus daoine de theaghlach Assad.
- 159 Tuigtear ón méid thuas gur theip ar an gComhairle bunús sách láidir a thabhairt leis na cúiseanna lena liostú bunaithe ar an bhfioras go bhfuil baint ag an iarratasóir le daoine de theaghlach Assad.

(3) An toradh maidir le baint an iarratasóra le daoine de theaghlaigh Makhoulf agus Assad

- 160 Ó theip ar an gComhairle a léiriú go raibh baint ag an iarratasóir le daoine de theaghlaigh Makhoulf agus Assad, bíodh sin ina baint ghairmiúil nó ina baint phearsanta, ní mór a chinneadh gur theip ar an gComhairle bunús a thabhairt leis na cúiseanna lena liostú a bhain le baint an iarratasóra le daoine de theaghlaigh Makhoulf agus Assad.

(c) Baint le réimeas na Siria

- 161 Is gá a fháil amach cibé an bhfuil staid an iarratasóra ina fhianaise leordhóthanach go dtacaíonn sé le réimeas na Siria nó go dtéann na beartais faoina dtugann an réimeas sin chun tairbhe dó. Ní mór measúnú den sórt sin a dhéanamh tríd an bhfianaise a scrúdú, ní léi féin, ach sa chomhthéacs lena mbaineann sí. Comhlíonann an Chomhairle an dualgas cruthúnais atá uirthi má chuireann sí ar fáil do Chúirteanna an Aontais Eorpaigh corpas fianaise atá sách nithiúil, beacht agus seasmhach lena shuí go bhfuil nasc leordhóthanach idir an duine atá faoi réir beart lena ndéantar a chistí nó a cistí a reo agus an réimeas lena mbaineann (féach breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2016, *Tri-Ocean Trading v an Chomhairle*, T-709/14, nár foilsíodh, EU:C:2016:459, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 162 De réir na gcúiseanna lena liostú dá dtagraítear i míreanna 41 agus 78 thuas, i bhfianaise a stádais mar mhórphearsa ghnó a bhí ag feidhmiú sa tSiria agus an bhaint a bhí aige le daoine de theaghlaigh Makhoulf agus Assad, bhí an t-iarratasóir rannpháirteach i réimeas na Siria, ag baint tairbhe as, nó bhí sé ag tacú ar bhealach eile le réimeas na Siria.
- 163 Ba cheart a thabhairt faoi deara go n-úsáideann an Chomhairle an aimsir chaite lena chur in iúl gur bhain an t-iarratasóir tairbhe as réimeas na Siria, gur thacaigh sé leis agus go raibh sé rannpháirteach ann. Bíonn feidhm leis an toradh sin sna leaganacha Gearmáinise agus Spáinnise de na cúiseanna lena liostú, ina luaitear, faoi seach, a leanas faoin iarratasóir: ‘war in dieser Eigenschaft Teil, Nutznießer oder anderweitig Unterstützer des syrischen Regimes’ agus ‘ha participado en el régimen sirio, se ha beneficiado de él o lo ha apoyado’.

- 164 Maidir leis an leagan Béarla de na cúiseanna lena liostú, luaitear a leanas faoin iarratasóir: ‘has been participating in, benefiting from or otherwise supporting the Syrian regime’. Tugtar le fios tríd an aimsir ghnáthláithreach fhoirfe a úsáid i mBéarla gur bhain an t-iarratasóir tairbhe as réimeas na Siria, gur thacaigh sé leis agus go raibh sé rannpháirteach ann agus go bhfuil sé fós ag déanamh amhlaidh.
- 165 Nuair a ceistíodh í ag an éisteacht maidir le haimsirí na mbriathra sna leaganacha de na cúiseanna lena liostú i dteangacha éagsúla, luaigh an Chomhairle, go bunúsach, gur ghá, thar aon ní eile, a bheith ag díriú ar an bhfianaise agus tréimhsí éagsúla ar tugadh tacaíocht do réimeas na Siria lena linn.
- 166 Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil forluí idir na cúiseanna a measann an Chomhairle go bhfuil an t-iarratasóir ag tacú le réimeas na Siria agus ag baint tairbhe as agus na cúiseanna ar thug uirthi é a mheas mar mhórphearsa ghnó a bhí ag feidhmiú sa tSiria agus mar dhuine a raibh baint aige le daoine de theaghlaigh Makhoul agus Assad.
- 167 Ina leith sin, ba cheart a mheabhrú nach féidir a chur as an áireamh, de réir an chásdlí, go bhféadfadh, do dhuine ar leith, forluí a bheith i gceist idir na cúiseanna lena liostú go pointe áirithe, sa mhéid go bhféadfaí duine a mheas mar mhórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria, agus a mheas freisin mar dhuine atá, le linn a ghníomhaíochtaí nó a gníomhaíochtaí, ag baint tairbhe as réimeas na Siria nó ag tacú leis trí na gníomhaíochtaí céanna sin. Leanann sé sin díreach ar aghaidh ón bhfíoras, mar a suíodh in aithris 6 de Chinneadh 2015/1836, gurb ionann an dlúthbhaint le réimeas na Siria agus an tacaíocht a chuir an réimeas sin ar fáil don chatagóir sin daoine agus ceann de na fáthanna ar chinn an Chomhairle an chatagóir sin a bhunú. Is amhlaidh i gcónaí, i gcás den sórt sin fiú, gur critéir ar leith iad sin (breithiúnas an 23 Meán Fómhair 2020, *Kaddour v an Chomhairle*, T-510/18, EU:T:2020:436, mír 77). Bíonn feidhm aige sin freisin maidir le daoine a bhfuil baint acu le daoine de theaghlaigh Makhoul agus Assad, ó tharla, mar a bhunaítear in aithris 7 de Chinneadh 2015/1836, cumhacht i réimeas reatha na Siria a bheith comhchruinnithe i ndaoine mór le rá de na teaghlaigh sin.
- 168 Ar an gcéad dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara, i dtaca le stádas mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria, gur theip ar an gComhairle a léiriú go raibh leasanna gnó ag an iarratasóir sa tSiria nuair a glacadh na bearta atá faoi chonspóid (féach mír 127 thuas). Maidir leis an mbaint a bhí aige le daoine de theaghlaigh Makhoul agus Assad, theip ar an gComhairle a léiriú freisin go raibh sí sin ann nuair a glacadh na bearta sriantacha i gcoinne an iarratasóra (féach mír 160 thuas). Dá réir sin, ní mór tátal a bhaint as nach mar gheall ar a ghníomhaíochtaí gnó sa tSiria ná ar an mbaint a bhí aige le daoine de theaghlaigh Makhoul agus Assad go bhféadfar an t-iarratasóir a cheangal le réimeas na Siria.
- 169 Ar an dara dul síos, cé go dtagraítear san fhoilseachán ó shuíomh gréasáin *Dawdaa* do fhreagrachtaí eile a bhféadfadh a bheith feidhmithe ag an iarratasóir thar ceann réimeas na Siria nó chun tairbhe dó, is léir, mar a luadh i mír 158 thuas, nach sonraítear san fhoilseachán sin cé na freagrachtaí sin ná nach mínítear an bealach a bhfuil sé indéanta dá mbarr baint an iarratasóra leis an réimeas sin a shuí. Ó tharla, thairis sin, nach gcomhthacaítear leis an bhfaisnéis sin le samplaí fianaise eile, ní mór a dhearbhuí nach dtugtar bunús léi i dtaobh bhaint an iarratasóra leis an réimeas sin.
- 170 Ar an tríú dul síos, is léir ón bhfaisnéis ó na suíomhanna gréasáin *Al Khaleej Online* agus *Al Hewan* go dtéann Lead Syria faoi leachtú chun tairbhe réimeas na Siria. Ar an gcéad dul síos, suíodh, i mír 97 thuas, nach bhfuil an t-iarratasóir nasctha leis an gcuideachta sin. Ar an dara dul síos,

thug an t-iarratasóir samplaí fianaise lenar léiríodh nach raibh an chuideachta gníomhach ó 2012 agus go raibh sé faoi leachtú ó 2020, mar a luaitear i míreanna 95 agus 96 thuas, arb é an toradh atá air sin ná, de cheal fianaise ar a mhalairt arna cur chun cinn ag an gComhairle ná argóint ar bith arna cur chun cinn ag an gComhairle chun agóid a dhéanamh in aghaidh iontaofacht agus ábharthacht na fianaise sin, ní féidir an bealach a bhféadfadh tairbhe a bheith bainte ag an réimeas sin as gníomhaíochtaí na cuideachta atá i gceist a chinneadh.

- 171 Ar an gceathrú dul síos, agus ar deireadh, ba cheart a thabhairt faoi deara gurb iondúil go léiríonn míreanna eile faisnéise, a chuimsítear i ndoiciméid WK 4069/2019 INIT agus WK 985/2021 INIT, gur dhealaigh an t-iarratasóir é féin ó réimeas na Siria. Dá réir sin, luaitear san fhoilseachán ón suíomh gréasáin *Aks al Ser* gur leachtaigh an t-iarratasóir a shócmhainní airgeadais agus gur aistharraing sé a chuid airgid ó bhainc sa tSiria tar éis bhuamáil cheanncheathrú Slándála Náisiúnta na Siria. Maidir leis an bhfoilseachán ón suíomh gréasáin *Dawdaa*, tagraítear ann do scoilt idir an t-iarratasóir agus an réimeas sin. Ar deireadh ar fad, luaitear sa chéad chuid de dhoiciméad WK 985/2021 INIT go bhfuil an t-iarratasóir coinnithe amach as príomhlíonraí airgeadais réimeas na Siria.
- 172 Tuigtear ón méid thuas gur theip ar an gComhairle a léiriú de réir an chaighdeáin dlí is gá go bhfuil an t-iarratasóir bainteach le réimeas na Siria.

6. Torthaí na chéad phléadála, ina líomhnaítear earráidí measúnaithe

- 173 I bhfianaise na torthaí a leagtar amach i míreanna 127, 160 agus 172 thuas, níor éirigh leis an gComhairle bunús a thabhairt, de réir an chaighdeáin dlí is gá, leis na forais d'ainm an iarratasóra a áireamh ar na liostaí atá i gceist.
- 174 Ní mor seasamh leis an gcéad saincheist dlí dá bhrí sin.
- 175 Ó tharla nach mbaineann an chéad saincheist ach le tuillteanais na gcúiseanna le hainm an iarratasóra a áireamh ar na liostaí atá i gceist amhail teacht i bhfeidhm na mbeart atá faoi chonspóid, is gá fós an dara agus an tríú saincheist dlí a scrúdú d'fhonn a fháil amach cibé, mar a mhaíonn an t-iarratasóir, go bhfuil éifeacht chúlghabhálach ag na bearta sin freisin sa mhéid go suitear leo gurbh é an t-iarratasóir an duine a bhí faoi réir bearta sriantacha ón 23 Lúnasa 2011 ar aghaidh agus, sa chás sin, cibé ar leag an Chomhairle éifeacht den sórt sin ar na bearta go dlíthiúil.

D. An dara saincheist dlí, lena líomhnaítear sárú ar phrionsabal an ionchais dhlisteanach, agus an tríú saincheist dlí, lena líomhnaítear sárú ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla

- 176 Mar thaca leis an dara saincheist dlí atá aige, áitíonn an t-iarratasóir nach raibh sé oscailte don Chomhairle na bearta atá faoi chonspóid a ghlacadh toisc gurb ionann iad sin agus sárú díreach ar an ionchas dlisteanach a cruthaíodh ós rud é gur dhearbhaigh an institiúid go seasta, i gcaitheamh na 10 mbliana roimhe seo, nár bh é an t-iarratasóir an duine a shainaithnítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist.
- 177 Sa tríú saincheist dlí, maíonn an t-iarratasóir go bhféachtar, leis na bearta sin, le héifeacht chúlghabhálach a bheith ann, rud nach bhfuil ceadaithe, agus go bhfuil siad mífhabhrach do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla. In aighneacht an iarratasóra, tá sé sin suntasach dósan,

ach chomh maith leis sin, tá sé suntasach do thríú páirtithe a raibh, de mheon macánta, déileálacha acu leis ar bhonn dhearbhuithe poiblí na Comhairle nárbh é an t-iarratasóir an duine a shainaithnítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist.

- 178 A mhéid a bhaineann leis an dara saincheist dlí, is é tuairim na Comhairle nach féidir an cásdlí ar bhraith an t-iarratasóir air chun údar a thabhairt le dul i muinín phrionsabal an ionchais dhlísteanaigh a thrasú i gcás an iarratasóra, ós rud é nach é tairbhí bearta ar bith ón gComhairle. Ina leith sin, measann sí nach féidir cearta aonair a chruthú leis an bhfaisnéis arna tabhairt maidir le haitheantas an duine ar a bhfuil bearta sriantacha dírithe inti féin.
- 179 Maidir leis an tríú saincheist dlí, áitíonn an Chomhairle nár tháinig na bearta atá faoi chonspóid i bhfeidhm go dtí an lá tar éis a bhfoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Níor sonraigh an t-iarratasóir an bealach a mbeadh éifeacht chúlghabhálach ag na bearta atá faoi chonspóid, de bhrí, go sonrach, nach féidir, mar a tharlaíonn sé, cistí a reo go cúlghabhálach. Dá bharr sin, measann an Chomhairle nach leor an phléadáil chun críocha Airteagal 21 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus gur cheart í a dhiúltú ar an gcúis sin amháin.

1. Inghlacthacht an tríú saincheist dlí

- 180 Maíonn an Chomhairle, go bunúsach, nach mór an tríú saincheist dlí, lena líomhnaítear sárú ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla, a dhiúltú mar phléadáil neamh-inghlactha, sa mhéid gur theip ar an iarratasóir an bealach a bhfuil éifeacht chúlghabhálach ag na bearta atá faoi chonspóid a mhíniú go soiléir.
- 181 Ba cheart a mheabhrú nach mór, faoin gcéad mhír d'Airteagal 21 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, atá infheidhme maidir le himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta de bhua na chéad mhíre d'Airteagal 53 den Reacht sin, agus faoi Airteagal 76(d) de na Rialacha Nós Imeachta, ábhar na díospóide, na pléadálacha agus argóintí a chuirtear chun cinn agus ráiteas gearr ar na pléadálacha sin a bheith luaite ar gach iarratas. Ní mór na gnéithe sin a bheith sách soiléir agus beacht chun cur ar chumas an chosantóra a chosaint a ullmhú agus chun cur ar chumas na Cúirte Ginearálta rialú a thabhairt ar an iarratas, gan aon fhaisnéis bhreise más gá. D'fhonn deimhneacht dhlíthiúil agus dea-riarachán ceartais a áirithiú, is gá, d'fhonn saincheist dlí a bheith inghlactha, na pointí bunriachtanacha dlí agus na fórais a bhfuiltear ag brath orthu a bheith luaite go soiléir agus go hintuigthe san iarratas é féin (féach, chuige sin, ordú an 28 Aibreán 1993, *De Hoe v an Coimisiún*, T-85/92, EU:T:1993:39, mír 20 agus an cásdlí dá dtagraítear). Ní mór, dá réir sin, go sonrúfaí san iarratas cineál na bhforas ar a mbunaítear an gníomh, leis an toradh nach leor ráiteas teibí ar na fórais chun ceanglais na Rialacha Nós Imeachta a chomhlíonadh. Iarrtar ceanglais den sórt céanna sa chás go ndéantar aighneacht mar thaca le saincheist dlí (féach breithiúnas an 25 Márta 2015, *an Bheilg v an Coimisiún*, T-538/11, EU:T:2015:188, mír 131 agus an cásdlí dá dtagraítear; ordú an 27 Samhain 2020, *PL v an Coimisiún*, T-728/19, nár foilsíodh, EU:T:2020:575, mír 64).
- 182 Sa chás seo, áitíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, go bhfuil éifeacht chúlghabhálach ag na bearta atá faoi chonspóid, sa mhéid go n-athraítear dá mbarr an staid dhlíthiúil ina raibh sé go dtí gur glacadh na bearta atá faoi chonspóid, eadhon nárbh é an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist.
- 183 Is léir sin, go bunúsach, ó mhíreanna 59 agus 60 den iarratas. Mhínigh an t-iarratasóir tionchar cúlghabhálach na mbeart atá faoi chonspóid ar a staid dhlíthiúil i míreanna 48 agus 49 den fhreagra freisin.

- 184 Is léir gur fhreagair an Chomhairle argóintí an iarratasóra sa chosaint agus san athfhreagra chomh maith. Anuas air sin, ina hathfhreagra, maíonn an Chomhairle nach léirítear imthosca an cháis seo go dílis in argóintí an iarratasóra, agus dá réir sin, tá siad bunaithe ar thuillteanais na saincheiste, seachas ar inghlachtacht na saincheiste. Ar deireadh, tá an Chúirt in ann scrúdú a dhéanamh ar an tsaincheist seo, a bhfuil mionsonraí leordhóthanacha ina leith sin ag gabháil léi.
- 185 Mar gheall air sin, tá an tríú saincheist dlí sách soiléir, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos le forálacha Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na Rialacha Nós Imeachta, agus tá sí inghlachta dá bhrí sin.

2. Tuillteanais an dara agus an tríú saincheist dlí

- 186 De réir an chásdlí, is é is aidhm do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla, arb ionann prionsabal an ionchais dhlisteanigh agus atoradh de, a áirithiú go mbeidh na staideanna agus gaolmhaireachtaí dlí arna rialú le dlí an Aontais Eorpaigh intuartha fós. Chuige sin, tá sé bunriachtanach go n-urramódh institiúidí an Aontais Eorpaigh an prionsabal nach bhféadfaidh siad bearta atá glactha acu agus a imríonn tionchar ar staid dhlíthiúil agus fhíorasach daoine a leasú, ionas nach bhféadfaidh siad bearta den sórt sin a leasú ach amháin i gcomhréir leis na rialacha maidir le hinniúlacht agus nós imeachta (breithiúnas an 4 Bealtaine 2016, *Andres agus páirtithe eile v BCE*, T-129/14 P, EU:T:2016:267, mír 35).
- 187 Sa chás seo, áitíonn an t-iarratasóir gur sáraíodh prionsabal an ionchais dhlisteanigh agus prionsabal na deimhneachta dlíthiúla araon leis na bearta atá faoi chonspóid sa mhéid go suitear leo seo go raibh a ainm san áireamh ar na liostaí atá i gceist ón 23 Lúnasa 2011, ach, ón tráth a glacadh bearta 2011 go dtí glacadh na mbearta atá faoi chonspóid, níor mheas an Chomhairle gurbh é an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist.
- 188 D'fhonn a chinneadh cibé ar glacadh na bearta atá faoi chonspóid mar shárú ar an dá phrionsabal sin, tá sé riachtanach a scrúdú, dá bhrí sin, éifeachtaí na mbearta sin i dtús báire, agus a fháil amach ansin cibé an bhfuil, mar a mhaíonn an t-iarratasóir agus contrártha dá n-áitíonn an Chomhairle, éifeacht chúlghabhálach acu trína shuí gurbh é an t-iarratasóir, i ndeireadh na dála, an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist, ó glacadh bearta 2011.

(a) Cúlghabhálacht na mbearta atá faoi chonspóid

- 189 Glactar leis sa chásdlí go bhféadfar cúlghabhálacht gnímh a leagan síos go sainráite sa bheart é féin, ach go bhféadfadh sí a bheith mar thoradh ar ábhar an bhirt freisin (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Iúil 1991, *Crispoltoni*, C-368/89, EU:C:1991:307, mír 17).
- 190 Ní chuimsítear aon fhoráil sainráite sna bearta atá faoi chonspóid lena bhforáiltear do chur i bhfeidhm cúlghabhálach a n-éifeachtaí. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, a fháil amach cibé an bhfuil, mar gheall ar a n-ábhar, éifeacht chúlghabhálach acu i ndáiríre.
- 191 Sa chéad áit, maidir le bearta 2021, i dtús báire, ba cheart a thabhairt faoi deara go luaitear in aithris 2 de na bearta sin nár mhór an fhaisnéis a bhaineann le duine a bhfuil a ainm ar na liostaí atá i gceist, an duine dá dtagraítear in iontráil 36 sa chás seo, a nuashonrú. Dá bharr sin, ní bearta tosaigh liostaithe nó athliostaithe iad seo, ach bearta a bhfuil sé beartaithe go leanfaidís de bhearta a bhí ann roimhe seo, a leasaítear leo.

- 192 An chéad rud eile, ba cheart a thabhairt faoi deara go n-osclaítear na comharthaí athfhriotail thart ar an téacs i gceangal le bearta 2021 ag uimhir 36 agus dúntar iad ag dáta tosaigh a ndearnadh é a áireamh, eadhon an 23 Lúnasa 2011. Dá réir sin, is í iontráil 36 ina hiomláine a gcuirtear an téacs lena mbaineann ina hionad. Dá bharr sin, in ainneoin a maíonn an Chomhairle, sonraíodh cinnte i mbearta 2021 gurbh é an 23 Lúnasa 2011 an dáta tosaigh a ndearnadh ainm an iarratasóra a áireamh ar na liostaí atá i gceist.
- 193 Ar deireadh, d'fhone éifeacht chúlghabhálach bhearta 2021 a mheas, tá sé riachtanach freisin comparáid a dhéanamh idir an staid a bhí ann sular glacadh na bearta sin agus an staid a bhí ann tar éis na bearta sin a ghlacadh. Ar an bpointe sin, is léir gur glacadh bearta 2021 tar éis don Chomhairle a fháil amach go raibh botún déanta aici maidir le féiniúlacht an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist agus maidir le féiniúlacht an iarratasóra. Is léir seo ón litir dar dáta an 12 Feabhra 2021, ina luaitear go 'measann an Chomhairle, tar éis an fhaisnéis ar a comhad a fháil, gurb é [an t-iarratasóir] cinnte an duine a liostaítear faoi iontráil Uimh. 36 sna hianscríbhinní a ghabhann le [Cinneadh 2013/255 agus Rialachán Uimh. 36/2012]', agus trína bhíthin a thugann sí teorainn ama d'ionadaithe an iarratasóra faoina bhféadfaidh siad barúlacha a gcliaint a thaisceadh maidir leis na cúiseanna nua lena liostú a bhfuil sé beartaithe ag an gComhairle a ghlacadh ina leith, a leagtar amach na forais leo go beacht i mbearta 2021.
- 194 Dá bhrí sin, trí iontráil 36 de na liostaí atá i gceist a leasú ionas go bhfuil sé soiléir go mbaineann an leasú leis an iarratasóir agus ag féachaint don chomhthéacs inar glacadh iad, tá éifeacht chúlghabhálach ag bearta 2021 ar staid dhlíthiúil an iarratasóra.
- 195 Deimhnítear é sin le rún sainráite na Comhairle, a tugadh chun cuimhne sa chosaint agus ag an éisteacht araon, chun an mearbhall maidir le haitheantas an iarratasóra a cheartú, trí bhíthin bhearta 2021.
- 196 Ní féidir amhras a tharraingt ar an gconclúid a leagtar amach i mír 194 thuas le hargóintí na Comhairle.
- 197 I dtosach, luann an Chomhairle nach bhfuil éifeacht chúlghabhálach ag bearta 2021, ós rud é nach féidir cistí a reo go cúlghabhálach.
- 198 Is fíor, i bprionsabal, nach féidir cistí duine nó eintitis a reo ach amháin i leith na todhchaí, sa chaoi chéanna, thairis sin, agus nach féidir srianta ar theacht isteach i gcríoch na mBallstát a éisiúint ach amháin i leith na todhchaí. Mar sin féin, ar thaobh amháin, sa chás seo, trí éifeachtaí bhearta 2021 a theorannú do reo chistí agus acmhainní eacnamaíocha an iarratasóra amháin, nó do shrianta ar theacht isteach i gcríoch na mBallstát, tugtar neamhaird go mícheart ar na héifeachtaí a bhí ag glacadh na mbeart sin ar staid dhlíthiúil fhoriomlán an iarratasóra agus, go háirithe, ar a cháil agus a ionracas.
- 199 Sa chiall sin, aithníodh cheana féin go mbíonn iarmhairtí diúltacha suntasacha agus tionchar nach beag ag bearta sriantacha ar chearta agus ar shaoirse na ndaoine a chlúdaítear. Cé is moite de reo cistí nó srianta ar theacht isteach i gcríoch na mBallstát a chuireann isteach go mór, tríd an raon feidhme leathan atá acu, ar shaol oibre agus ar shaol teaghlaigh an duine a chlúdaítear araon, ní mór an géarcháineadh agus an t-amhras a ghabhann le hainmniú poiblí an duine a chlúdaítear mar dhuine atá bainteach le réimeas na Siria a chur san áireamh (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 6 Meitheamh 2013, *Ayadi v an Coimisiún*, C-183/12 P, nár foilsíodh, EU:C:2013:369, mír 68).

- 200 Trína shuí, trí bhíthin bhearta 2021, gur áiríodh ainm an iarratasóra ar na liostaí atá i gceist ó bhí bearta 2011 ann, maíonn an Chomhairle go bhfuil, ón dáta sin, naisc ag an iarratasóir le réimeas na Siria agus go ndearna sé na gníomhaíochtaí éagsúla lenar tugadh bonn cirt lena ainm a chur ar na liostaí atá i gceist agus a choinneáil orthu ó shin i leith. Is leor dearbhú den chineál sin chun staid dhlíthiúil an iarratasóra a athrú go cúlghabhálach, i bhfad thar díreach a chuid cistí a reo.
- 201 Ar an taobh eile, sa chás seo, ní féidir a áitiú nach raibh aon éifeacht chúlghabhálach ag bearta 2021 ar reo chistí an iarratasóra. Mar a luaigh an Chomhairle go bunúsach ag an éisteacht, ar cheann de na cuspóirí arna saothrú le glacadh bhearta 2021 bhí staid an iarratasóra roimh glacadh na mbearta sin a shoiléiriú mar gheall, go háirithe, ar chinneadh na Fraince an 12 Feabhra 2020 a bheith ann, a ndearnadh cistí an iarratasóra a reo mar thoradh air, ar bhonn bhearta 2019. Dá réir sin, nuair nach féidir, go teicniúil, cistí a chalcadh san am atá caite, is féidir mar sin féin bonn cirt a thabhairt i leith reo cistí a tharla san am atá caite trí staid dhlíthiúil an duine lena mbaineann a bhí ann ag an am a athrú. Dá bharr sin, trína dheimhniú gurbh é an t-iarratasóir cinnte an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist ón 23 Lúnasa 2011, athraíodh go cúlghabhálach le bearta 2021 a staid dhlíthiúil sa chaoi go raibh sí ag teacht leis sin, d'fhonn go mbeifear in ann éifeachtaí chinneadh na Fraince an 12 Feabhra 2020 a chur i bhfeidhm.
- 202 Ar an dara dul síos, san athfhreagra agus ag an éisteacht, mhaígh an Chomhairle go raibh grianghraif den iarratasóir cheana i ndoiciméad WK 4069/2019 INIT, lenar tacaíodh leis na cúiseanna lena liostú i mbearta 2019 freisin, ina bhféadfaí é a shainaithint go soiléir. Dá bhrí sin, i dtuairim na Comhairle, bhí an t-iarratasóir faoi réir bearta sriantacha cheana féin in 2019.
- 203 Mar sin féin, tá dearbhú na Comhairle go raibh an t-iarratasóir faoi réir bearta sriantacha cheana féin in 2019 ag teacht salach ar an bhfíoras go raibh sé i gceist ag an gComhairle, trí bhíthin cheartúchán 2019, ainm Arabach an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist a leasú ionas go mbeadh sé ag teacht leis an ainm a bhí i mbearta 2011 arna leasú le bearta mhí na Samhna 2011. Ní mór a thabhairt le tuiscint leis seo gur chreid an Chomhairle fós, nuair a bhí bearta 2019 á nglacadh, nárbh é an t-iarratasóir, a raibh a ainm Arabach difriúil ón ainm a bhí sa cheartúchán, an duine dá dtagraítear san iontráil sin. B'amhlaidh an cás fós, thairis sin, nuair a glacadh Cinneadh 2020/719 agus Rialachán Cur Chun Feidhme 2020/716, a bhfuil an t-ainm Arabach céanna iontu.
- 204 Dá réir sin, cé go raibh faisnéis i ndoiciméad WK 4069/2019 INIT, lenar tugadh bunús leis na cúiseanna lena liostú i mbearta 2019, lena bhféadfaí an t-iarratasóir a shainaithint mar an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist, is amhlaidh i gcónaí, nuair a glacadh na liostaí sin agus go dtí glacadh bhearta 2021, mheas an Chomhairle nárbh é an t-iarratasóir an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist. Ba trí bhearta 2021 a ghlacadh a raibh sé i gceist ag an gComhairle a botún a chur ina cheart trína shuí go soiléir gurbh é an t-iarratasóir cinnte an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist, agus gurbh amhlaidh é ón 23 Lúnasa 2011.
- 205 Dá bharr sin, ní féidir leis an gComhairle a mhaíomh, taobh amuigh den bhotún a rinne sí, nár mhór a dhearbhu go raibh an t-iarratasóir faoi réir bearta sriantacha cheana féin roimh ghlacadh bhearta 2021. Anuas air sin, ní féidir staid dhlíthiúil den sórt sin a réiteach leis an bhfírinne ó rud é, mar is léir ó litreacha an 2 Samhain 2011 agus an 21 Aibreán 2015 ó Státrúnaí na hEilvéise um Ghnóthaí Eacnamaíocha, arna dtabhairt mar iarscríbhinn a ghabhann leis an iarratas, scaoil an

banc Eilvéiseach lena raibh cuntais ag an iarratasóir na cistí a bhí reoite aige i ndiaidh ghlacadh bhearta 2011 agus ghlacadh na mbearta a lean iad, i bhfianaise na ndearbhuithe a fuair sé nárbh é an t-iarratasóir an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist.

- 206 Anuas air sin, ag an éisteacht, luaigh an Chomhairle gur tar éis an litir dar dáta an 23 Meitheamh 2020 a fháil gur thug sí faoi imscrúdú chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an iarratasóir. Maidir leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur sheol an t-iarratasóir an litir sin chun deimhniú a fháil ón gComhairle nárbh é an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist. Bhí an deimhniú sin riachtanach don iarratasóir mar gheall ar chinneadh na Fraince an 12 Feabhra 2020, trínar iarradh ar bhainc a bhí lonnaithe sa Fhrainc a chistí a reo. Mar is léir ón litir dar dáta an 12 Feabhra 2021 agus mar is bonn coiteann idir na páirtithe, thug an Chomhairle a botún faoi deara trí bhreis faisnéise a fháil ó údarás na Fraince, a bhfuil an fhaisnéis sin curtha ar fáil i ndoiciméad WK 985/2021 INIT.
- 207 Dá réir sin, ba é trí bhearta 2021 a ghlacadh cinnte a raibh sé i gceist ag an gComhairle athrú a chur ar an staid dhlíthiúil a bhí ag an iarratasóir go dtí sin, eadhon nárbh é an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist. Leis na bearta sin, ba mhian leis an gComhairle an t-iarratasóir a shainaithint go cinnte mar an duine ar liostaíodh a ainm an 23 Lúnasa 2011 san iontráil sin agus nasc a chruthú ar an gcaoi sin, ón dáta sin, idir é féin agus gníomhaíochtaí réimeas na Siria ar fhéach an tAontas Eorpach lena gcáineadh trí réimeas bearta sriantach a ghlacadh.
- 208 Dá bharr sin, tá éifeacht chúlghabhálach ag bearta 2021.
- 209 Sa dara háit, maidir le bearta coinneála 2022, ba cheart a thabhairt faoi deara nár beartaíodh leis na bearta sin, maidir leis an iarratasóir, ach síneadh a chur leis na bearta sriantacha a glacadh ina leith go dtí an 1 Meitheamh 2023, mar is léir, go bunúsach, ó aithris 3 de Chinneadh 2022/849.
- 210 Thairis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach go dtí gur glacadh bearta 2021 go raibh sé i gceist ag an gComhairle staid an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist a shoiléiriú d'fhonn a thabhairt le fios gurbh ionann sin cinnte agus an t-iarratasóir. I bhfocail eile, is iad na bearta sin amháin a bhí mar chomhartha d'athrú ar an seasamh a ghlac an Chomhairle suas go dtí an pointe sin. Os a choinne sin, le bearta coinneála 2022, féachtar le hainm an iarratasóra a choinneáil ar na liostaí atá i gceist, agus leis sin amháin. Ar an gcaoi sin, ní féidir a dhearbhuí gur fhéach an Chomhairle, nuair a ghlac sí na bearta sin, le hearráid a rinneadh roimhe sin a cheartú.
- 211 Dá réir sin, níl éifeacht chúlghabhálach ag bearta coinneála 2022, leis an toradh nár mhór an dara agus an tríú saincheist dlí a dhiúltú sa mhéid a bhaineann siad leis na bearta sin.

(b) Sárú ar phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus an ionchais dhlisteanai

- 212 Ba cheart a mheabhú go ndéanann prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, go ginearálta, teacht in éifeacht bheart de chuid an Aontais Eorpaigh ó phointe ama sular foilsíodh an bearta sin a chosc, ach d'fhéadfadh sé gurbh é a mhalairt a bheadh i gceist i gcúinsí eisceachtúla, i gcás go n-éileofaí amhlaidh de bharr na gcuspóirí atá le baint amach agus i gcás go n-urramódh ionchais dhlisteanacha na ndaoine lena mbaineann mar is cuí agus, sa mhéid a leanann go soiléir ó théarmaí, spriocanna nó scéim ghinearálta rialacha dhlí an Aontais Eorpaigh lena mbaineann, nár mhór éifeacht den sórt sin a thabhairt dóibh (féach breithiúnas an 19 Márta 2009, *Mitsui & Co. Deutschland*, C-256/07, EU:C:2009:167, mír 32 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 213 Ó tharla gur suíodh díreach roimhe seo i mír 208 thuas gur léir ó ábhar agus cuspóir bhearta 2021 go bhfuil éifeacht chúlghabhálach leo, is gá a fháil amach cibé a sásaítear an dá cheanglas eile a leagtar síos sa chásdlí dá dtagraítear i mír 212 thuas maidir le glacadh le cúlghabhálacht bhearta an Aontais Eorpaigh.
- 214 Is gá, dá bhrí sin, a scrúdú cibé, ar an gcéad dul síos, ar theastaigh cúlghabhálacht bhearta 2021 mar gheall ar aidhm sa leas ginearálta agus, ar an dara dul síos, ar urramaíodh ionchais dhlisteanacha an iarratasóra go cuí.

(1) *Leas ginearálta a bheith ann*

- 215 Maidir le leas ginearálta beartais phoiblí a bheith ann, braitheann an Chomhairle, go bunúsach, ar an gcaoi go bhféachtar, le bearta sriantacha, le cuspóirí leasa ghinearálta a bhaint amach, go háirithe na cuspóirí i ndáil le cearta an duine agus dlí daonnúil idirnáisiúnta a chomhdhlúthú agus i ndáil le bheith ag tacú leo. Ina pléadálacha i scríbhinn agus ag an éisteacht, d'áitigh an Chomhairle freisin gur áirithigh sí deimhneacht dhlíthiúil, trí bhearta 2021 a ghlacadh agus trí staid an iarratasóra a shoiléiriú sular glacadh na bearta sin.
- 216 Maidir leis sin, ba cheart a mheabhrú gur aithin Cúirteanna an Aontais Eorpaigh go dtugtar údar maith le bearta sriantacha a ghlacadh mar gheall ar an bpríomhthábhacht a bhaineann le síochán agus slándáil idirnáisiúnta a choinneáil (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Feabhra 2014, *Ezz agus páirtithe eile v an Chomhairle*, T-256/11, EU:T:2014:93, mír 191).
- 217 Anuas air sin, mar a áitíonn an t-iarratasóir freisin, éilítear le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla go mbeadh sé indéanta a shainaithint go soiléir cé atá faoi réir bearta sriantacha arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus cé nach bhfuil. Le treoirlínte na Comhairle, ar a bhfuil an teideal 'Dea-Chleachtais [an Aontais Eorpaigh] maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach beart sriantach', an 4 Bealtaine 2018, leagtar béim, mar is ceart, ar thábhacht an cheanglais sin.
- 218 Mar a tharlaíonn sé, ní féidir prionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus éifeachtacht na mbeart sriantach arna nglacadh a áirithiú agus, ar an mbonn sin, na cuspóirí dá dtagraítear i mír 216 thuas a bhaint amach ach amháin sa chás go ndéantar na daoine agus eintitis a shainaithint go soiléir.
- 219 In imthosca den sórt sin, agus ag féachaint don chaoi a mbraitheann údarais náisiúnta de na Ballstáit ar bhearta a ghlac an Chomhairle chun cinneadh a dhéanamh maidir le cistí daoine agus eintiteas a reo, ní mór a aithint go bhfuil sé dlisteanach agus riachtanach don Chomhairle a bheith in ann an earráid atá déanta aici i leith aitheantas duine a cheartú agus go bhféadfaidh sí staid duine nó eintitis a shoiléiriú dá bhrí sin. Cuireann sé sin le baint amach na gcuspóirí arna saothrú leis na bearta sriantacha a áirithiú trína chur ar chumas, ar thaobh amháin, na n-údarás riaracháin agus tríú páirtithe fios follasach a bheith acu cé atá faoi réir na mbeart sriantach agus, ar an taobh eile, an duine nó an eintitis lena mbaineann caingean a thionscnamh i gcoinne na mbeart a bhaineann leis an duine nó eintiteas sin.

(2) *Ionchais dhlisteanacha a bheith ann ar thaobh an iarratasóra*

- 220 Sa chéad áit, ní mór a thabhairt le fios nach mbraitheann an t-iarratasóir chomh mór sin, in ainneoin a maíonn an Chomhairle, ar shárú ar a ionchais dhlisteanacha mar gheall gur ghlac an Chomhairle, trí bhíthin bhearta 2021, bearta sriantacha ina choinne, ach ina áit sin ar an gcaoi a maíonn an Chomhairle, trí bhearta 2021 a ghlacadh, gurb eisean cinnte an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist, agus gurbh amhlaidh é ó glacadh bearta 2011.
- 221 Sa chiall sin, ní mhaíonn an t-iarratasóir nach raibh an Chomhairle i dteideal a ainm a áireamh ar na liostaí atá i gceist riamh, ach ina áit sin, áitíonn sé nach bhféadfadh an Chomhairle, tar éis a dheimhniú le 10 mbliana anuas nárbh é an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist, a mhalairt a rá ansin.
- 222 Trí sin a dhéanamh, tá cás an iarratasóra difriúil ó na cásanna as ar eascair breithiúnais an 29 Samhain 2018, *National Iranian Tanker Company v an Chomhairle* (C-600/16 P, EU:C:2018:966), agus an 3 Bealtaine 2016, *Iran Insurance v an Chomhairle* (T-63/14, nár foilsíodh, EU:T:2016:264), ar a mbraitheann an Chomhairle, inar thug an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta le fios go bunúsach, faoi seach, nach bhféadfadh an neamhniú a rinne Cúirteanna an Aontais Eorpaigh ar na bearta sriantacha a ghlac an Chomhairle i gcoinne duine nó eintitis a bheith ina chúis le hionchas dlisteanach ar bith ar thaobh an duine nó eintitis sin nach mbeadh an Chomhairle, fad a bheadh sí ag cloí leis an mbreithiúnas neamhnithe sin, in ann cinneadh athliostaithe a dhéanamh sa todhcháí (breithiúnas an 29 Samhain 2018, *National Iranian Tanker Company v an Chomhairle*, C-600/16 P, EU:C:2018:966, mír 51; féach freisin, chuige sin, breithiúnas an 3 Bealtaine 2016, *Iran Insurance v an Chomhairle*, T-63/14, nár foilsíodh, EU:T:2016:264, míreanna 152 agus 153).
- 223 Sa dara háit, tá easaontas idir na páirtithe maidir le cibé an bhféadfadh an t-iarratasóir, sa chás seo, dul i muinín phrionsabal an ionchais dhlisteanach.
- 224 Cé go measann an t-iarratasóir, agus é ag brath ar chásdlí maidir le gníomhartha riaracháin a tharraingt siar, é féin a bheith mar thairbhí gníomhartha a ghlac an Chomhairle inar dheimhnigh an Chomhairle nárbh é an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist, díospóideann an Chomhairle é sin agus tá sí den tuairim nach bhfuil an cásdlí ar a mbraitheann an t-iarratasóir infheidhme maidir le fíorais an cháis seo.
- 225 Maidir leis sin, i dtosach, ba cheart a mheabhrú gur prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais Eorpaigh é prionsabal an ionchais dhlisteanach nár mhór don Chomhairle é a chomhlíonadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Nollaig 2015, *Veloserviss*, C-427/14, EU:C:2015:803, míreanna 29 agus 30).
- 226 Ar an dara dul síos, is léir ón gcásdlí dá dtagraítear i mír 212 thuas gurb ionann prionsabal an ionchais dhlisteanach agus ceann de na coinníollacha atá le comhlíonadh chun go bhféadfadh éifeacht chúlghabhálach a bheith ag gníomh den Aontas Eorpach, i gcomhréir le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla.
- 227 Ar deireadh, de réir an chásdlí, ní bhaineann na coinníollacha arna mbunú sa cásdlí maidir le dearbhuithe beachta, neamhchoinníollacha agus comhsheasmhacha a bheith ann chun a shuí gurb ann d'ionchais dhlisteanacha ach amháin don staid ina bhfuil duine aonair nuair a chuirtear beart i bhfeidhm air nó uirthi le héifeacht láithreach, nach éifeacht chúlghabhálach í (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Samhain 2010, *OHIM v Simões Dos Santos*, T-260/09 P, EU:T:2010:461,

mír 64). Tugtar údar maith leis sin de bharr, ós rud é nach gceadaítear cúlghabhálacht bheart AE ach amháin i gcás eisceachtúil, nach féidir a cheangal ar dhuine aonair fianaise a thabhairt ar aird maidir le dearbhuithe nach n-athrófar a staid dhlíthiúil go cúlghabhálach a bheith faighte aige nó aici.

- 228 Dá bharr sin, d'ainneoin a n-áitíonn an Chomhairle, ní gá gurbh é an t-iarratasóir seolaí gníomhartha ar cearta suibíachtúla iad d'fhonn é a bheith in ann dul i muinín phrionsabal an ionchais dhlísteanaigh.
- 229 Mar thaca lena seasamh, ní féidir leis an gComhairle brath ar bhreithiúnas an 14 Meán Fómhair 2017, *Petrea* (C-184/16, EU:C:2017:684, mír 31 et seq.), agus ar Thuairim an Abhcóide Ghinearálta Szpunar in *Petrea* (C-184/16, EU:C:2017:324, pointe 61 et seq.).
- 230 Sa chás sin, bhí iarraidh ar réamhrialú os comhair na Cúirte maidir le cibé a bhféadfadh aistarraingt deimhnithe clárúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 8(2) de Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh aistriú agus cur fúthu gan bhac laistigh de chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO 2004 L 158 lch. 77, agus ceartúchán IO 2004 L 229, lch. 35, agus IO 2005 L 197, lch. 34), a bheith ina shárú ar phrionsabal an ionchais dhlísteanaigh maidir leis an duine dá eisíodh deimhniú den sórt sin.
- 231 Go bunúsach, dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnas, agus í ag deimhniú an tseasaimh a ghlac an tAbhcóide Ginearálta Szpunar, nach féidir le gníomh dearbhaitheach, amhail deimhniú clárúcháin, a bheith ina chúis ann féin le hionchas dlísteanach ar thaobh an duine lena mbaineann maidir lena cheart chun fanacht ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann (breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2017, *Petrea*, C-184/16, EU:C:2017:684, mír 35).
- 232 De réir analaí, is é tuairim na Comhairle nach bhfuil san fhaisnéis a bhaineann le haitheantas an duine a ainmnítear ar na liostaí atá i gceist ach faisnéis dhearbhaitheach agus, dá réir sin, nach féidir cearta suibíachtúla a chruthú léi.
- 233 Trí sin a dhéanamh, tá an Chomhairle ag gníomhú de réir na buntuisceana míchirte i dtaca le prionsabal an ionchais dhlísteanaigh go n-éilítear i gcónaí, d'fhonn feidhm a bheith leis, go nglacfaí gníomhartha as a dtiocfadh cearta suibíachtúla. Ní léir an coinníoll sin ón gcásdlí nó, go sonrach, ó bhreithiúnas an 14 Meán Fómhair 2017, *Petrea* (C-184/16, EU:C:2017:684). Cé go luann an Chúirt Bhreithiúnais sa bhreithiúnas sin nach féidir le deimhniú clárúcháin, ann féin, a bheith ina chúis le hionchas dlísteanach ar thaobh an duine lena mbaineann ós rud é gur gníomh dearbhaitheach atá ann, ní mór a lua go gcuireann an Chúirt Bhreithiúnais leis sin, i mír 36 den bhreithiúnas sin, thairis sin, sa chás atá i gceist sna príomhimeachtaí, nach bhfágtar le ceann ar bith de na himthosca ar a gcuirtear síos san ordú do thagairt go bhféadfaí teacht ar an gconclúid go raibh na húdaráis inniúla ina gcúis le hionchais maidir le ceart chun fanacht an duine lena mbaineann trí dhearbhuithé beachta a chur ar fáil dó. Leanann sé, in áit na féidearthachta go bhféadfadh dearbhuithe a bheith tugtha don duine lena mbaineann, i gcibé foirm, ag na húdaráis inniúla ar bhealach a mbeadh ina chúis le hionchais áirithe a bheith aige a chur as an áireamh, a mhalairt ar fad, ghlac an Chúirt Bhreithiúnais le féidearthacht den sórt sin agus dheimhnigh sí cibé ar tharla sé sa chás seo.

- 234 Sa tríú áit, is gá a fháil amach dá bhrí sin cibé an raibh aird chuí ag an gComhairle ar ionchais dhlísteanacha an iarratasóra.
- 235 Ina leith sin, ní mór a thabhairt le tuiscint ón gcásdlí a luaitear i mír 227 thuas nach faoin iarratasóir atá sé a léiriú go bhfuair sé dearbhuithe beachta, neamhchoinníollacha agus comhsheasmhacha chun a shuí gurb ann d'ionchas dlísteanach ar a thaobh féin nach nglacfadh an Chomhairle bearta a mbeadh raon feidhme cúlghabhálach leo, ach is faoin gCúirt atá sé a fháil amach cibé ar glacadh bearta 2021 le hairead chuí ar ionchais dhlísteanacha an iarratasóra.
- 236 I leith an scrúdaithe sin, éilítear go gcuirfí imthosca uile an cháis san áireamh.
- 237 Is léir ó na litreacha dar dáta an 28 Deireadh Fómhair 2011, an 15 Samhain 2011 agus an 6 Bealtaine 2013 a sheol an Chomhairle chuig ionadaithe an iarratasóra, agus ón tsaincheist dlí neamh-inghlacthachta a thaisc an Chomhairle sa chás a bhí ina chúis le hordú an 24 Bealtaine 2012, *Assaad v an Chomhairle* (T-550/11, nár foilsíodh, EU:T:2012:266), gur luaigh an Chomhairle, gan forchoimeádas, nárbh é an t-iarratasóir an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist. Deimhnítear an ráiteas sin le glacadh bhearta mhí na Samhna 2011 agus le ceartúchán 2013 (féach mír 24 thuas) agus 2019. Tá sé tábhachtach a chur in iúl, maidir leis sin, nár iarr an Chomhairle riamh ar ionadaithe an iarratasóra faisnéis bhreise aitheantais ina leith a chur ar fáil, agus nach n-áitíonn sí gur cheil an t-iarratasóir faisnéis uirthi. I bhfocail eile, go dtí gur seoladh an litir dar dáta an 12 Feabhra 2021, níor chuir an Chomhairle aon amhras in iúl faoi nárbh é an t-iarratasóir an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist.
- 238 Ar an mbonn sin, dheimhnigh an Chomhairle don iarratasóir roinnt uaireanta nárbh é an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist.
- 239 Maidir leis sin, féachann an Chomhairle lena choinneáil nach bhfuil in aon chonclúid maidir le haitheantas duine atá faoi réir bearta sriantacha ach conclúid dhearbhaitheach agus féachann sí le hanalach a shuí idir an staid seo agus staid an cháis as a d'eascair breithiúnas an 25 Eanáir 2017, *Almaz-Antey Air and Space Defence v an Chomhairle* (T-255/15, nár foilsíodh, EU:T:2017:25, míreanna 38 agus 39). Mar sin féin, sa chás deiridh sin, bhí ar an gCúirt Ghinearálta rialú a thabhairt maidir le hinghlacthacht iarrataí chun leasú a dhéanamh ar an saghas ordaithe a thaisc an t-iarratasóir maidir le litir a sheol an Chomhairle, trínar luaigh an Chomhairle gur dheimhnigh sí a tuairim go raibh an t-iarratasóir fós ag comhlíonadh na gcritéar a leagtar síos i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2014 L 78, lch. 16), agus le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 an 17 Márta 2014 maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2014 L 78, lch. 6), agus go rabhthas leis na bearta sriantacha i gcoinne an iarratasóra a choinneáil. Dhiúltaigh sí mar neamh-inghlactha na hiarrataí sin ar mhodhnú, ag rá nach ndearnadh leis an litir atá i gceist ach measúnú na Comhairle a dheimhniú agus nach raibh i gceist go dtiocfadh sé in áit na gcúiseanna lena liostú arna leagan amach i gCinneadh (CBES) 2015/432 ón gComhairle an 13 Márta 2015 lena leasaítear Cinneadh 2014/145 (IO 2015 L 70, lch. 47) agus lena sínítear na bearta sriantacha atá i gceist go dtí an 15 Meán Fómhair 2015, agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/427 an 13 Márta 2015 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán Uimh. 269/2014 (IO 2015 L 70, lch. 1), ná nach raibh i gceist go ndéanadh sé iad sin a leasú.

- 240 Sa chás seo, níl an t-iarratasóir ag iarraidh go gcuirfí na litreacha a sheol an Chomhairle chuige ar neamhní, ach tá sé ag brath orthu chun a léiriú gur thug an Chomhairle údar dó chun ionchas dlisteanach a bheith aige nár mheas an institiúid gurbh é an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist. Dá réir sin, fiú mura raibh sna litreacha sin ach deimhniú ar na bearta éagsúla a ghlac an Chomhairle, is fíor fós gur cuid den chúis a bhí iontu, in éineacht leis na bearta sin, le hionchas dlisteanach an iarratasóra nárbh é an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist. Dá réir sin, mar gheall ar an teaghlaim de na litreacha sin, inar deimhníodh nó inar fógraíodh na bearta a ghlac an Chomhairle, agus de chineál eisceachtúil cúlghabhálach bhearta an Aontais Eorpaigh, d'fhéadfadh ionchas dlisteanach a bheith ag an iarratasóir nach samhlófaí eisean leis an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist go cúlghabhálach.
- 241 Tuigtear ón méid thuas gur theip ar an gComhairle aird chuí a bheith aici ar ionchais dhlisteanacha an iarratasóra trí bhearta sriantacha a ghlacadh a raibh éifeacht chúlghabhálach acu ina choinne.
- 242 Ní féidir amhras a tharraingt ar an toradh sin le hargóintí eile na Comhairle.
- 243 Sa chéad áit, tá an Chomhairle den tuairim go bhfuil toradh ar bith maidir le haitheantas duine ar a bhfuil liostú dírithe bunaithe ar na gnéithe fíorasacha atá sa chomhad lena gcuirtear ar chumas na Comhairle agus na n-údarás atá ag cur bearta sriantacha chun feidhme an duine ar a bhfuil liostú dírithe a shainaithint. I bhfocail eile, de réir na Comhairle, is féidir athrú teacht ar a seasamh maidir le haitheantas duine i bhfianaise na faisnéise atá aici.
- 244 Go deimhin, ar thaobh amháin, glactar leis go bhféadfaidh an Chomhairle aitheantas na ndaoine agus na n-eintiteas a nglacann sí bearta sriantacha ina leith a shuí de réir an chaighdeáin dlí is gá (féach breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2016, *Tri Ocean Energy v an Chomhairle*, T-719/14, nár foilsíodh, EU:T:2016:458, mír 30 an cásdlí dá dtagraítear). Trí sin a dhéanamh, chuir Cúirteanna an Aontais Eorpaigh an deacracht maidir le fianaise níos beaichte a fháil i Stát ina bhfuil cogadh cathartha ar siúl atá faoi rialú ag réimeas forlámhach. Im imthosca den sórt sin, ní mór glacadh leis go bhféadfaidh an Chomhairle a tuairim a athrú maidir le haitheantas duine nó eintitis ar bhonn na fianaise atá ar fáil di.
- 245 Ar an taobh eile, mar a luadh i mír 219 thuas, ní mór a admháil gur féidir leis an gComhairle an earráid atá déanta aici maidir le haitheantas an duine a chur ina cheart agus staid duine nó eintitis a shoiléiriú ar an gcaoi sin.
- 246 Mar sin féin, tá an ceart a thugtar don Chomhairle i mír 219 thuas faoi réir teoireannacha, eadhon urramú phrionsabal an ionchais dhlisteanach, a bhfuil a chomhlíonta níos tábhachtaí fós ós rud é gur suntasach na hiarmhairtí do staid dhlíthiúil an duine agus na n-eintiteas lena mbaineann na bearta sriantacha.
- 247 Ina leith sin, ba cheart a mheabhrú freisin, de réir an chásdlí, fiú sa chás nach pionóis choiriúla atá sna bearta sriantacha, gur fíor fós é gur faoin gComhairle atá sé, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i míreanna 70 agus 71 thuas, aitheantas na ndaoine agus na n-eintiteas a nglacann sí bearta sriantacha ina leith a shuí de réir an chaighdeáin dlí is gá. Tá sé sin tábhachtach sa mhéid, i ndáil le bearta sriantacha, gur réamhriachtanas maidir lena liostú agus le scrúdú nithiúil ar na fíorais atá i gceist atá i sainaithint sheolaithe na mbeart arna nglacadh ag an gComhairle de réir an chaighdeáin dlí is gá (féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Nollaig 2020, *Haikal v an Chomhairle*, T-189/19, nár foilsíodh, EU:T:2020:607, mír 102).

- 248 Ina theannta sin, ba cheart an cineál earráide sin a theorannú a mhéid is féidir, mar go mbeadh riosca ann, murach sin, go ndéanfaí éifeachtacht na mbearta sriantach a laghdú agus go mbainfí an bonn ó chuspóir an chórais dlí arna bhunú ag an Aontas Eorpach, eadhon chun brú a chur ar réimeas na Siria trí mhaoiniú an réimis sin a chosc.
- 249 Dá réir sin, cé go bhfuil sé de cheart ag an gComhairle earráid a rinne sí maidir le haithint duine lena mbaineann bearta sriantacha a cheartú go cúlghabhálach, ní féidir léi gníomhú gan prionsabal an ionchais dhlísteanaigh a urramú. Ba cheart, dá bhrí sin, go ndiúltófaí dá hargóint.
- 250 Sa dara háit, luann an Chomhairle nach raibh a míthuiscint maidir le haitheantas an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist bunaithe ar easpa faisnéise i dtaobh aitheantas an duine sin, ach mar gheall ar an easpa faisnéise maidir le haitheantas an iarratasóra.
- 251 Mar sin féin, fiú dá nglacfaí le hargóint na Comhairle, ní thagraíonn an Chomhairle d'aon litir a seoladh chuig ionadaithe an iarratasóra chun an staid a shoiléiriú. I bhfianaise an fhíorais, sa chás seo, gur reoigh banc san Eilvéis cistí an iarratasóra go sealadach in 2011 agus arís in 2015, mar a tugadh faoi deara i mír 205 thuas, ba cheart úsáid a bheith bainte ag an gComhairle cheana féin as gach bealach a bhí ar fáil aici ag an am chun an staid a shoiléiriú sá chás gur mheas sí nach raibh dóthain faisnéise aici maidir le haitheantas an iarratasóra. Ar deireadh thiar, ní go dtí go bhfuarthas litir an 23 Meitheamh 2020 trínar cuireadh in iúl dó go raibh cinneadh na Fraince an 12 Feabhra 2020 glactha ag Aire na Fraince um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais d'fhonn na cistí a bhí ag an iarratasóir sa Fhrainc a reo gur fhéach an Chomhairle le tuilleadh faisnéis a fháil.
- 252 Anuas air sin, mar thoradh ar ghlacadh an chinnidh sin ag údaráis na Fraince, ní féidir leis an gComhairle a áitiú go réasúnach go raibh an earráid a rinne sí fabhrach don iarratasóir, sa mhéid nár tháinig éifeachtaí aon bheart sriantach chun cinn go dtí gur glacadh bearta 2021. Ní hamháin go bhfuil sé sin míchruinn i bpáirt, ó reoigh údaráis na Fraince na cistí a bhí ag an iarratasóir sa Fhrainc, go deimhin, ar bhonn bhearta 2019, ach, thar aon ní eile, mar gheall ar an earráid a rinne an Chomhairle lenar áitíodh ionchas dlisteanach ar thaobh an iarratasóra nárbh é an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist, níor tugadh air caingne a thionscnamh le linn na tréimhse 10 mbliana roimh ghlacadh bhearta 2021 d'fhonn neamhniú a fháil maidir leis na bearta éagsúla inar liostaíodh agus inar coinníodh a ainm. Thairis sin, sa chás seo, ní cás hipitéiseach amháin atá san fhéidearthacht go mbeadh caingne tionscanta ag an iarratasóir dá mba rud é go raibh sé ar an eolas faoi bheith ina dhuine is ábhar do na bearta a bhí ann roimh bhearta 2021, ó tharla gur thionscain an t-iarratasóir caingean i gcoinne bhearta 2011 agus gur scríobh sé go cuí chuig an gComhairle d'fhonn deimhniú a fháil nárbh é an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist.
- 253 Dá bhrí sin, ní mór diúltú d'argóint na Comhairle.
- 254 Mar gheall air sin, ní mór a dhearbhu gur tharla sárú ar ionchais dhlísteanacha an iarratasóra agus sárú ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus, dá réir sin, ní mór seasamh leis an dara agus an tríú saincheist dlí.

E. An cúigiú saincheist dlí, lena líomhnaítear sárú ar phrionsabal res judicata

- 255 Maíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, gur socraíodh an cheist maidir le haitheantas an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist le hordú an 24 Bealtaine 2012, *Assaad v an Comhairle* (T-550/11, nár foilsíodh, EU:T:2012:266). Ina theannta sin, luann sé gur ar iarraidh

sainráite na Comhairle a tháinig an Chúirt ar an gcinneadh sin, nuair a lorg an t-iarratasóir rochtain ar an gCúirt lena shoiléiriú do thríú páirtithe nach raibh sé faoi réir bearta sriantacha. Dar leis an iarratasóir, ní féidir leis an gComhairle é sin a threascart trí na bearta atá faoi chonspóid a ghlacadh.

- 256 Measann an Chomhairle nach féidir le stádas chinneadh Chúirteanna an Aontais Eorpaigh lena ndíbhítear caingean níos luaithe mar *res judicata* ach inghlacthacht dara caingean a chosc. Ar an mbonn sin, ba cheart go ndiúltófaí d'argóintí an iarratasóra maidir le *res judicata* cinnidh i dtaobh inghlacthacht in imeachtaí 2011, lena bhféachann sé leis an gCúirt a chosc as ábhar an cháis seo a scrúdú.
- 257 Is gá an tábhacht a bhaineann le prionsabal *res judicata*, i ndlíchóras an Aontais Eorpaigh agus i ndlíchórais náisiúnta araon, a choinneáil i gcuimhne. D'fhonn idir chobhsaíocht an dlí agus chaidrimh dlí agus riaradh fóna an cheartais a áirithiú, tá sé tábhachtach nach bhféadfaí amhras a tharraingt ar chinntí breithiúnacha a tháinig chun bheith críochnaitheach tar éis do na cearta uile achomhairc a bheith ídithe nó tar éis do na teorainneacha ama dá bhforáiltear ina leith sin dul in éag (breithiúnas an 30 Meán Fómhair 2003, *Köbler*, C-224/01, EU:C:2003:513, mír 38).
- 258 Is é an príomhchuspóir arna shaothrú ná cinntí atá contrártha dá chéile, nó nach luíonn lena chéile fiú ó thaobh a n-éifeachtaí de, a chosc ó bheith ann i gcomhthráth i ndlíchóras an Aontais Eorpaigh. Is é sin an fáth a bhfuil stádas breithiúnais mar *res judicata* de chineál chun inghlacthacht caingne a chosc i gcás na n-imeachtaí a cuireadh de láimh leis an mbreithiúnas atá i gceist a bheith idir na páirtithe céanna, leis an gcuspóir céanna agus an bunús dlí céanna acu (breithiúnais an 19 Meán Fómhair 1985, *Hoogovens Groep v an Coimisiún*, 172/83 agus 226/83, EU:C:1985:355, mír 9; an 5 Meitheamh 1996, *NMB France agus páirtithe eile v an Coimisiún*, T-162/94, EU:T:1996:71, mír 37; agus an 25 Meitheamh 2010, *Imperial Chemical Industries v an Coimisiún*, T-66/01, EU:T:2010:255, mír 197).
- 259 Sa chiall sin, ní hamháin go gclúdaítear an chuid oibríochtúil den chinneadh breithiúnach le *res judicata* ach clúdaítear freisin na forais a bhí ina gcúis leis an gcinneadh sin agus arb ionann iad agus a bhonn bunriachtanach, sa mhéid go bhfuil siad riachtanach chun brí bheacht a bhfuil luaite sa chuid fheidhme a chinneadh (féach, chuige sin, breithiúnais an 3 Deireadh Fómhair 2000, *Industrie des poudres sphériques v an Chomhairle*, C-458/98 P, EU:C:2000:531, mír 81, agus an 1 Iúil 2009, *ThyssenKrupp Stainless v an Coimisiún*, T-24/07, EU:T:2009:236, míreanna 113 agus 140).
- 260 Sa chás seo, tá easaontú ann idir na páirtithe i dtaobh an raon feidhme atá le cur le feidhm *res judicata* a bhaineann le hordú an 24 Bealtaine 2012, *Assaad v an Chomhairle* (T-550/11, nár foilsíodh, EU:T:2012:266).
- 261 Ba cheart a thabhairt faoi deara, maidir leis an gcás seo, nach ceist é faoina chinneadh cibé a bhfuil caingean inghlactha, ar caingean é a tionscnaíodh i gcoinne bearta ar scrúdaigh an Chúirt a ndlíthiúlacht, san iomlán nó i bpáirt, ach cibé a raibh an Chomhairle faoi cheangal ag ordú an 24 Bealtaine 2012, *Assaad v an Chomhairle*, (T-550/11, nár foilsíodh, EU:T:2012:266), nuair a ghlac sí na bearta atá faoi chonspóid.
- 262 Ina leith sin, mar a luadh i mír 58 thuas, ní bhaineann an chaingean seo le neamhniú bhearta 2011, ach le neamhniú na mbeart atá faoi chonspóid agus leis sin amháin, a glacadh an 6 Bealtaine 2021 agus an 30 Bealtaine 2022.

- 263 Mar sin féin, ó tharla go bhfuil éifeacht chúlghabhálach ag bearta 2021 agus go dtugtar le fios fós le bearta coinneála 2022 gurb é an 23 Lúnasa 2011 an dáta tosaigh a ndearnadh ainm an iarratasóra a áireamh ar na liostaí atá i gceist, tá contrárthacht ann, ós rud é, ar thaobh amháin, go bhfuil cinneadh breithiúnach ann a ndearnadh cinneadh críochnaitheach de lena n-aithnítear nach é an t-iarratasóir an duine dá dtagraítear i mbearta 2011 agus, ar an taobh eile, tá bearta ón gComhairle ann, a glacadh ina dhiaidh sin, lena dtugtar a mhalairt le fios.
- 264 Trína lua, sna bearta atá faoi chonspóid, go raibh an t-iarratasóir faoi réir bhearta 2011, tá sárú déanta ag an gComhairle ar phrionsabal *res judicata* a bhaineann le hordú an 24 Bealtaine 2012, *Assaad v an Chomhairle* (T-550/11, nár foilsíodh, EU:T:2012:266). Trí sin a dhéanamh, ba í ba chúis le cinneadh agus bearta atá contrártha dá chéile, nó nach luíonn lena chéile fiú ó thaobh a n-éifeachtaí de, a bheith ann i gcomhthráth i ndlíchóras an Aontais Eorpaigh.
- 265 Ní féidir amhras a tharraingt ar an toradh sin le hargóint na Comhairle, a mbraitheann sí ar bhreithiúnas an 13 Feabhra 2003, *Meyer v an Coimisiún* (T-333/01, EU:T:2003:32) mar thaca léi.
- 266 Is léir ó mhíreanna 25 agus 27 de bhreithiúnas an 13 Feabhra 2003, *Meyer v an Coimisiún* (T-333/01, EU:T:2003:32), gur dhearbhaigh an Chúirt, sa chás ónar eascair ordú an 10 Aibreán 2000, *Meyer v an Coimisiún agus BEI* (T-361/99, EU:T:2000:107), nár chuathas i ngleic le hábhar an cháis leis, nár thug sí rialú maidir le pointe fíorais nó dlí ar bith lena bhféadfaí í a cheangal sna himeachtaí atá i gceist, leis an toradh nár mhór diúltú don argóint bunaithe ar *res judicata*.
- 267 Is éard a thuigeann an Chomhairle uaidh sin, ar an gcaoi chéanna, ná nár cheart ordú an 24 Bealtaine 2012, *Assaad v an Chomhairle* (T-550/11, nár foilsíodh, EU:T:2012:266) a chur san áireamh, ós rud é nár tugadh aghaidh leis ach ar inghlacthacht na caingne a thionscain an t-iarratasóir i gcoinne bhearta 2011.
- 268 Ní bhaineann sé le hábhar go ndearnadh rialú ar aitheantas an iarratasóra i gcomhthéacs an scrúdaithe ar inghlacthacht na caingne, seachas i gcomhthéacs ábhar an cháis. I gcomhthéacs an mheasúnaithe ar fheidhm *res judicata* a théann le cinneadh Chúirteanna an Aontais Eorpaigh, an rud atá tábhachtach ná cibé ar thug an Chúirt freagra deiridh ar cheist shonrach, agus é sin amháin. Dá réir sin, ní féidir feidhm *res judicata* a théann le hordú an 24 Bealtaine 2012, *Assaad v an Chomhairle* (T-550/11, nár foilsíodh, EU:T:2012:266), a eisiamh díreach mar ordú neamh-inghlacthachta atá ann.
- 269 Os a choinne sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur sháraigh an Chomhairle prionsabal *res judicata* ordú an 24 Bealtaine 2012, *Assaad v an Chomhairle* (T-550/11, nár foilsíodh, EU:T:2012:266), sa mhéid a bhaineann sé le bearta 2011 amháin. Ba i leith na mbeart sin amháin a dhearbhaigh an Chúirt nárbh é an t-iarratasóir an duine dá dtagraítear in iontráil 36 de na liostaí atá i gceist.
- 270 Ba cheart a mheabhrú, mar a áitíonn an Chomhairle, agus an ceart aici, nach féidir síneadh a chur le prionsabal *res judicata* ionas go socrófaí le hordú ceisteanna a bhaineann le sraith eile gníomhartha dlíthiúla, a glacadh ar bhonn fianaise eile agus a bhaineann le bunghníomhartha éagsúla (féach, chuige sin, breithiúnais an 29 Samhain 2018, *Bank Tejarat v an Chomhairle*, C-248/17 P, EU:C:2018:967, mír 76, agus an 23 Meán Fómhair 2020, *Kaddour v an Chomhairle*, T-510/18, EU:T:2020:436, mír 92).

- 271 Dá bharr sin, níl aon bhunús ag an iarratasóir chun a áitiú gur glacadh na bearta atá faoi chonspóid mar shárú ar phrionsabal *res judicata*, seachas i gcás bhearta 2011.
- 272 Ina leith sin, cé gur fíor, mar a áitíonn an t-iarratasóir, nach féidir ach freagra amháin a bheith ag ceist aitheantais duine, i bprionsabal, agus nach féidir é a sin a athrú i gcaitheamh ama, ba cheart a mheabhrú, mar a luadh i mír 244 thuas, go bhféadfaidh an Chomhairle, i ndáil le bearta sriantacha i gcoinne na Siria, aitheantas daoine agus eintiteas a nglacann sí bearta sriantacha ina leith a shuí de réir an chaighdeáin dlí is gá. Ó tharla, thairis sin, gur suíodh, i mír 219 thuas, go raibh an deis ag an gComhairle an earráid a bhí déanta aici i leith aitheantais duine a cheartú, ní mór a dheimhniú nach féidir feidhm *res judicata* a théann le hordú an 24 Bealtaine 2012, *Assaad v an Chomhairle* (T-550/11, nár foilsíodh, EU:T:2012:266), a shíneadh chuig bearta a bhfuil samplaí fianaise nach raibh i seilbh na Comhairle nuair a glacadh bearta 2011 mar thaca leo.
- 273 I bhfianaise a bhfuil thuas, ní mór a chinneadh go ndearbhaítear an cúigiú saincheist dlí sa mhéid a shuítear leis na bearta atá faoi chonspóid go raibh an t-iarratasóir faoi réir bhearta 2011.
- 274 Ós rud é gur dearbhaíodh an chéad, dara agus tríú saincheist dlí freisin, ní mór na bearta atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, gan aon ghá an ceathrú saincheist dlí a scrúdú, lena líomhnaítear ‘mí-úsáid cumhachtaí’.

F. Éifeachtaí ama neamhniú na mbeart atá faoi chonspóid

- 275 Ina leith sin, d'iarr an Chomhairle, i gcomhthéacs a tríú cuntar éilimh gur cheart don Chúirt ordú a thabhairt, i gcás go gcuirfeadh an Chúirt na bearta atá faoi chonspóid ar neamhní sa mhéid a bhaineann siad leis an iarratasóir, go gcoinneofaí éifeachtaí Chinneadh 2022/849 i ndáil leis an iarratasóir go dtí go ngabhfadh éifeacht le neamhniú i bpáirt Rialachán Cur Chun Feidhme 2022/840.
- 276 Ar an gcéad dul síos, maidir le Rialachán Cur Chun Feidhme 2022/840, ní mór a lua, de réir an dara mír d'Airteagal 60 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, de mhaolú ar Airteagal 280 CFAE, go bhfuil cinntí lena ndearbhaítear go bhfuil Rialachán ar neamhní le teacht in éifeacht ó dháta éaga na tréimhse chun achomharc a thionscnamh dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 56 den Reacht sin nó, sa chás gur thionscain achomharc laistigh den tréimhse sin, ón dáta a dhíbhítear an t-achomharc.
- 277 Sna himthosca sin, sa chás nach ndéantar achomharc, tá tréimhse dhá mhí ag an gComhairle, a chuirtear síneadh 10 lá léi mar gheall ar fhad slí ó bhaile, ó fhógra an bhreithiúnais seo, chun na sáruithe a suíodh a leigheas trí bhearta sriantacha nua i ndáil leis an iarratasóir a ghlacadh, más iomchuí.
- 278 Os a choinne sin, maidir le Cinneadh 2022/849, ba cheart a thabhairt faoi deara gur cheart, i bprionsabal, baint ainm an iarratasóra den liosta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255 a bheith mar thoradh air.
- 279 Ina ainneoin sin, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh difríocht idir an dáta óna mbeadh éifeacht le neamhniú Rialachán Cur Chun Feidhme 2022/840 agus dáta Chinneadh 2022/849 deimhneacht dhlíthiúil go mór i gcontúirt, ós rud é go bhforchuirtear bearta comhionanna ar an iarratasóir leis na bearta araon (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Meán Fómhair 2022, *LAICO v an Chomhairle*, T-627/20, nár foilsíodh, EU:T:2022:590, mír 106).

280 Leanann sé nach mór éifeachtaí Chinneadh 2022/849 a choinneáil maidir leis an iarratasóir, go dtí dáta éaga na tréimhse chun achomharc a dhéanamh, nó, má dhéantar achomharc laistigh den tréimhse sin, go dtí go ndiúltófaí don achomharc.

Costais

281 De réir théarmaí Airteagal 134(1) de na Rialacha Nós Imeachta, ní mór a ordú don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis.

282 Ós rud é nár éirigh leis an gComhairle sa chás seo, ní mór a ordú go n-íocfaidh sí na costais, i gcomhréir leis an méid atá iarrtha ag an iarratasóir.

Ar na forais sin,

dearbhaíonn agus rialaíonn AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Ceathrú Dlísheomra Méadaithe),
an méid seo a leanas:

- 1. Cuirtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2021/751 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2021 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann leis na bearta sriantacha i gcoinne na Siria, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/743 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2021 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria, Cinneadh (CBES) 2022/849 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/840 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria, a mhéid a bhaineann siad le Nizar Assaad, ar neamhní.**
- 2. Ordaítear go gcoinneofaí éifeachtaí Chinneadh 2022/849 i bhfeidhm maidir leis an Uasal Assaad go dtí dáta éaga na tréimhse chun achomharc a dhéanamh, nó, má dhéantar achomharc laistigh den tréimhse sin, go dtí go ndiúltófaí don achomharc.**
- 3. Ordaítear do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais a íoc.**

Gervasoni

Madise

Nihoul

Frendo

Martín y Pérez de Nanclares

Arna thabhairt i gcúirt oscailte i Lucsamburg, an 8 Márta 2023.

Clár

I.	Cúlra na díospóide agus imeachtaí a tharla tar éis thionscnamh na caingne	2
II.	An t-ordú atá á lorg	7
III.	An dlí	8
	A. Ábhar agus raon feidhme na caingne seo	8
	B. Inghlacthacht na fianaise a thaisc an t-iarratasóir ina fhreagairt	9
	C. An chéad phléadáil, ina líomhnaítear earráidí measúnaithe	10
	1. Réamhbharúlacha	10
	2. Na cúiseanna lena liostú agus cinneadh na gcritéar lena liostú	11
	3. An fhianaise	12
	4. Iontaofacht agus ábharthacht na fianaise	14
	5. Na cúiseanna lena liostú	16
	(a) Stádas mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria	16
	(1) Leasanna eacnamaíocha an iarratasóra	16
	(2) Poist an iarratasóra i gcomhlachtaí áirithe a bhaineann le trádáil	21
	(3) Torthaí maidir le stádas an iarratasóra mar mhórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria	22
	(b) An bhaint atá aige le daoine de theaghlaigh Assad agus Makhoulf	22
	(1) An bhaint atá aige le teaghlach Makhoulf	22
	(2) An bhaint atá aige le daoine de theaghlach Assad	24
	(3) An toradh maidir le baint an iarratasóra le daoine de theaghlaigh Makhoulf agus Assad	26
	(c) Baint le réimeas na Siria	26
	6. Torthaí na chéad phléadála, ina líomhnaítear earráidí measúnaithe	28
D.	An dara saincheist dlí, lena líomhnaítear sárú ar phrionsabal an ionchais dhliteanaigh, agus an tríú saincheist dlí, lena líomhnaítear sárú ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla	28
	1. Inghlacthacht an tríú saincheist dlí	29
	2. Tuillteanais an dara agus an tríú saincheist dlí	30

(a) Cúlghabhálacht na mbeart atá faoi chonspóid	30
(b) Sárú ar phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus an ionchais dhlisteanigh . . .	33
(1) Leas ginearálta a bheith ann	34
(2) Ionchais dhlisteanacha a bheith ann ar thaobh an iarratasóra	35
E. An cúigiú saincheist dlí, lena líomhnaítear sárú ar phrionsabal <i>res judicata</i>	39
F. Éifeachtaí ama neamhniú na mbeart atá faoi chonspóid	42
Costais	43